

SAOIRSE

UIMHIR 10

Geimhreadh 1991

Luach £1



LAISTIGH

Daonlathas na Breataine

1

Cultúr & an cogadh

Mná na hEireann

An Thompson

13

5

8

Cuspóir romhainn

Seachtó is a cúig bhliana Star éis an Éirí Amach. Deich mbliana tar éis an Chéalacain. San eagrán seo de *Shaoirse* scrúdaíonn cuid dár gcolúnaithe an dá ócáid seo i stair na hÉireann, agus ar a dtábhacht ó shin. Ba chóir agus ba chuí go ndéantar seo, agus go gcuirtear an dá ócáid — mar imeachtaí eile den leithéid 1798 nó 1971 nó a lán dátaí eile — i gcomhthéacs stair iomlán na tíre seo.

Níor chóir stair a scríobhadh thart imeacht amháin. Níor thosaigh ná níor chríochnaigh stair na hÉireann le 1916 nó aon dáta aonar eile, agus ba chóir mar sin, na dátaí, na daoine, na himeachtaí áirithe uilig a mheá mar chuid de ghluaiseacht i stair na tíre. Sin mar a thaithneodh an Piarsach, Ó Conghaile, Sands is a leithéid go scríobhfaí stair ár dtíre. Sin mar a b'fhearr leis na daoine anaithnide eile é chomh maith. Tá mná ar intinn agam anseo, na mná ar scríobhadh as ár stair le fada an lá. Tá fáilte, mar sin, don pháosa san

eagrán seo ar ról na mban inár streachailt thar na blianta.

Tá cuid blianta thart anois ó céadfhoilsíodh eagrán de *Shaoirse*, agus tá stair an iriseáin féin thuas seal thíos seal. Bionn iris mar *Saoirse* ag brath i gcónaí ar scríobhnóirí agus ar altanna rialta ag teacht isteach leis an iris a choinneáil beo. An bhliain seo chugainn tá cuspóir ag Roinn an Chultúir le heagrán den iris a fhoilsiú gach ráithe, agus féaraimid fáilte anois roimh Ghaeil agus Ghaeilgeoirí a chuidiú linn chun an aidhm sin a chomhlíonadh. Tá súil againn, sa todhchaí go mbeidh réimse leathan d'altanna san iriseán; píosaí suimiúla, briomhar, ciallmhar, leadránacht fiú (agus níor gheall aoinne go mbeadh ach an rud beoga ná speisiúil sa réabhlóid!). Tá spás san iriseán do do thuairimí, do ghearrscéalta, agus do scríbhinní. Tá spás go leor sa tír seo do litriocht reabhlóideach mar fhreasúra ar an ghnáthábhar 'liteartha' a cuirtear ar fáil dúinn.

Creidimid go bhfuil éileamh agus gá in Éirinn do thréimhseachán ráithiúil polaitiúil i nGaeilge. Sin an tuige go bhfuil muid dóchasach go bhfásfaidh *Saoirse*, agus le bhur gcabhair agus gcomhoibriú fásfaidh sí, cinnte.

SAOIRSE

SÍNTIÚS AR FÁIL

Is í *Saoirse* iris pholaitiúil Shinn Féin.

Is féidir síntiús ceithre eagrán a ordú ó:

An t-Eagrathóir, *Saoirse*, 44 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1.

£4.00 an costas ar shíntiús cheithre eagrán.

SAOIRSE
L'UNITE 10
Grainneadh 1991



SAOIRSE
L'UNITE 10
Grainneadh 1991



LAISTIGH
Cultúr & an cogadh

Mná na hÉireann
An Thompson
Deonlathas na Breataine

12

12

12

12

Saoirse

IS IRISEAN de chuid Roinn an Chultúir Shinn Féin atá i *Saoirse*, agus foilsítear *Saoirse* mar áis le díospóireacht ar chúrsaí polaitiúla tríd an Ghaeilge a chur chun chinn. Pléifear cúrsaí chan amháin in Éirinn ach thar lear chomh maith. Beidh fáilte roimh altanna agus tuairimí ar ghnéithe stair na hÉireann, poblachtachas, agus cúrsaí reatha sa bhaile nó i gcéin. Ní foláir do na haltanna a bheith i nGaeilge, ach tabharfar meas dó pé cánúint a úsáidíonn na húdair éagsúla féin.

Sna heagrán le teacht beidh altanna ann ag déileáil le gnéithe difriúla den streachailt agus beidh suim i gcúrsaí cultúrtha ach go háirithe, le píosaí ar chearta cultúrtha sa chomhphobal, sna carcaireacha, agus arailte. Beidh spás san iris d'ábhar cruthaitheach, scéalta, filíocht, gearrdhrámaí, cartúin, srl.

Tá súil leis, go nglacfaidh na cimi leis an fháilte seo chun páirt a ghlacadh sna díospóireachtaí faoin chultúr nó gné ar bith eile den sracadh, nó lena ngearrscéalta a fhoilsiú.

An uair dheireanach

LE MICHEAL GORMAN

Dhúisigh tormán an tralaí mé an mhaidin sin, ach seachas an trup sin bhí an áit ciúin. Osclaíodh poll faire an dorais agus stán súile anaithnide orm sular dúnadh go callánach arís é.

Tháinig an giolla chuig an chill, scuab agus strailleán ina lámha aige chun an áit a ghlanadh. Rinne mé iar-racht comhrá a thosú leis, bhí mé ag iarraidh air cad é mar a bhí na buachaillí an mhaidin sin ach freagra uaidh ní bhfuair mé. Ansin, ar a shlí amach dó — rud a chuir an dubhiontas orm — thug sé cúig thoitín domh agus i gcogair d'inis domh gur dúirt Seosamh *"gan iad seo a chaitheamh in aon iarracht amháin"* agus gur chóir domh scairt a chur air nuair a bhí muid faoi ghlas. An méid sin ráite aige d'imigh sé go deifreach as an seomra.

Um leath i ndiaidh a dó dhéag chrom mé ar na píopaí agus bhuail cnag ar an bhalla.

"Do you want a fucking hammer?" a scairt Seosamh.

"Tá sé chomh hiomlatach go fóill agus a bhí i gcónaí," arsa mé liom féin.

"Eist", arsa sé. *"Tá seans go gceadófar amach thu anocht le Top of the Pops a fheiceáil... bhíomar ag caint le duine de na fir leighis agus má tá an ceann seo ag obair anocht teifidh tú sinn ansin. Ceart go leor?"*

"Go hiontach ar fad!" arsa mé.

"Bhuel, a mhic, rachaidh mé anois chuig an taobh eile chun caint le Doc Mór. Teifidh mé thú anocht mar sin?"

"Teifidh, go deimhin."

Shiúil mé an cillín, ó bhalla go

balla, anonn agus anall ar feadh an lae, mé ag fanacht leis an oíche. Nuair a tháinig an trathnóna beag bhí mé an-tógtha leis an smaoineamh nach mbeadh an fear leighis úd ag obair ar chúram na hoíche an oíche áirithe sin agus mar sin nach mbeinn amach leis na buachaillí.

D'oscail lámh neamhfheicthe an doras agus scairt an fear leighis go raibh 'association time' ann. Ní raibh an tríú focal as a bhéal sular raibh mé leath an bhealaigh suas an dorchla... an tslí mhícheart!

"Anseo, a mhic," arsa an fear leighis. *"An treo seo. Gabh an dara doras ar an chlé."*

DOC MOR AGUS SEOSAMH

Ar thiontú mo cheann domh chonaic mé Doc Mór agus Seosamh, agus iad i racht gáire fúm. Shiúil mé chucu ach bhí mo chosa chomh trom le luaidhe cé go bhfaca mé aoihb an ghéire orthu fad agus a tharraing mé leo.

Shín siad a lámha chugam agus rug mé greim orthu ach ní thiocfadh liom gan chaoineadh. Bhí deora áthais agam lena bhfeiceáil, deora trua dá gcuid fulaingte, agus

Máirtirí na mBlocanna-H	
Bobby Sands	(27)
Raymond McCreech	(24)
Francis Hughes	(25)
Patsy O'Hara	(24)
Joe McDonnell	(30)
Martin Hurson	(24)
Kevin Lynch	(25)
Kieran Doherty	(25)
Thomas McElwee	(23)
Mickey Devine	(27)

deora imní don bheirt chomrádaí s'agam agus iad ag fáil bháis. Rug siad barróg orm, d'ísliigh mé mo cheann de bhrí an náire — d'inis Doc domh leanúint ar aghaidh ach deir Seosamh *"Hey gurney gob. Don't be wiping your snotters on my fancy bath-robe!"* Agus ansin rinne sé gáire sé chomh maith.

Sa seomra teilifíse shuíomar síos agus lasamar toitíní le chéile. D'fhiafraigh siad díom cé uilig a bhí i H-6 liom agus bhí orm ainm i ndiaidh ainm a ríomhú dobtha. Cheistigh siad mo thuairimí uaim faoi chúrsaí. D'fhéach Seosamh orm agus i nglór íseal dúirt sé go raibh na Sasanaigh ag déanamh go mbrisfidís sinn.



● Líníocht de Phríomh Oifigeach fhórsaí na Breataine agus príomh aire Lloyd George ag seasamh cois leaba Thraolach Mhic Shuibhne — Il est plus grand que nous — Tá sé rómhór againne

STAILC OGRAIS

"Níor éirigh leo ó thúis na hagioide agus ní éireoidh leo anois" arsa sé.

D'aontaigh Doc Mór leis seo. Ag an pointe sin, faraor, tháinig fear leighis isteach sa seomra. "Beidh ortsa filleadh ar do chillín anois, a mhic. Tá rialtóir ag teacht anuas."

D'éirigh mé go tuirseach, ag leagadh lámhe éadroime ar ghuaillín na beirte.

"Gabh leat sula gcuirfidh tú ag gol muid beirt," arsa Doc.

"Tcifimid thú ar Aifreann Dé Domhnaigh," arsa Seosamh.

MARTIN HURSON

Ar an Domhnach chuaigh mé go dtí an seomra teilifíse, an áit ina raibh an t-Aifreann. Bhí Seosamh agus Doc Mór ina suí os mo chomhair agus bhí Martin Hurson ar mo thaobh chlé, é i gcathaoir rothaí. Is ar éigin go raibh mothú i Martin agus é fillte ina phluidheanna. Leag mé lámh ar a aghaidh. Bhí sé te, agus bhí cuma shuaimheach air. Shuigh mé in aice le Doc agus Seosamh.

"Cad chuige a bhfuil sé fillte chomh te sin?" arsa mé. Mhínigh



● An onóir deiridh do shaighdiúir marbh, sochraid Thomáis Aghais i 1917

Doc go raibh vireas de shaghas éigin ar Martin agus go raibh sé ag casacht go dona dá bhrí.

Rud stuama ab ea an t-Aifreann seo: bhí brón go soiléir ar ghnúis an tsagairt. Tar éis Aifreann ghlaigh Doc Mór orm agus thug beartán tobac domh.

"Tá go leor tobac ansin duit ar feadh tamaillín, Dikel. Níl a fhios agam cén uair a bhuaifimid le chéile arís, ach tá súil agam nach mbeidh sé i bhfad."

Thugamar lámh dá chéile. Bhí

Seosamh agus Martin ar áis ina gcollíní cheana féin, agus ba é sin an t-am deireanach a chonaic mé iad nó gur chuir an dochtúir ar áis chuig an bhloc mé ar an lá arna mhárach. Ag siúl anuas ar dhorchladomh, scairt mé beannachtaí ar na buachaillí. Tá súil agam gur chualasíad mé nó go bhfuair an triúr acu bás tamaillín ina dhiaidh sin. ■

■ Tógadh 'Dikel Gorman i 1976 agus gearradh príosúntacht saoil air. Nuair a bhain sé an Cheis Fhada amach chuaigh sé ar an 'phluid' go díreach.

Giotaí... Giotaí... Giotaí... Giotaí... Giotaí... Giotaí... Giotaí... Giotaí... Giotaí...

Meanscoil Ur Gaeilge

THOG oideachas lánGhaeilge céim mhór chun tosaigh le hoscailt Mheánscoil Feirste, an chéad mheánscoil lánGhaeilge sna Sé Chontae, ar Mheán Fómhair 2ú.

Tá an mheánscoil úr suite i gCultúrlann Mac Adaimh/O Fiaich ar Bhóthar na bhFál i mBéal Feirste. Tá naíscoil, Gaelscoil na bhFál agus páipéar laethúil na nGael LA sa chultúrlann fosta.

Faoi láthair, tá Meánscoil Feirste ag brath ar fad ar dheontais ón phobal. Fuair sí roinnt tacaíochta ó Bhord na Gaeilge i mBaile Atha Cliath ach níor thug Roinn Oideachais na Sé Chontae a dhath ar bith don scoil cé go bhfuair siad na beartais don scoil i Samhain 1990.

Glór na nGael — Bliain ar aghaidh

Tá bliain thart ó tharraing Rialtas na Breataine siar deontais an ghrúpa Ghaeilge is cultúrtha Ghlór na nGael mar chuid dá fheachtas polaitiúil in éadan grúpaí neamhspleácha pobail.

Ní bhfuair Glór na nGael míniú ar bith d'ais-tarraingt a gcuid airgid ach go raibh sé déanta faoi threoirínte a chuir iar-státrúnaí Breatanach, Douglas Hurd i bhfeidhm i 1985 ag iarraidh cinntiú "nach n-úsáidfeair airgead an rialtais do ghníomhacha chomhphobal le haidhmeanna agus cuspoirí paramhíleataigh a chur chun cinn."

Tá Glór na nGael ag troid go fóill in aghaidh na haistarraingte agus reachtáil siad sraith picéad agus agóidí lasmuigh d'ambasáidí agus foirgnimh de chuid rialtas na Breataine in áiteanna éagsúla san Eoraip agus i SAM.

Tá Glór na nGael ag leanúint fosta le feachtas ag iarraidh tacaíochta ó ghrúpaí eile cultúrtha agus chomhphobal agus tá athchomharc sna cúirteanna in aghaidh réiteach an OTE le duinsint go fóill.

Bagairt don CLG

I ndiaidh ionsaí buamála ar halla de chuid Chumann Bhaile na gCrann i gContae an Dúin i nDeireadh Fómhair dúirt an UDA, faoi scáth an ainm UFF go raibh an Cumann Lúthchleas Gael ar fad

ina tairgead acu.

Dúirt an UDA go raibh siad chun seo a dhéanamh mar gheall ar "thacaíocht oscailte" an CLG do "chogaíocht phoblachtach".

Rinne tuairisceoirí éigin iarracht an bhagairt a cheangail le polasaí an CLG a choscann ar bhaill den RUC agus arm na Breataine ón eagraíocht. Dúirt uachtarán an CLG, Peadar O Cuinn, áfach nach raibh sa pholasaí seo ach an réadúlacht nach raibh na fórsaí seo inghlactha ag bunús mór na ndaoine a thacaíonn leis an chumann.

Mharaigh grúpaí dílseacha-roinnt ball den CLG roimhe seo agus d'ionsaigh siad cumainn dá chuid chomh maith. Dúirt urlabhraí an CLG gur eagraíocht náisiúnta spóirt agus cultúir an CLG agus go bhfuil sé neamhsheicteach.

Dúirt Sinn Féin go n-úsáidfeadh an UDA an bhagairt mar chúis eile le Caitlicigh a mharú agus go raibh an bhagairt dírithe ar an phobal náisiúnach ar fad.

D'ionsaigh siad lucht géillte don dílseachas, a cháineann an CLG mar gheall ar a chuid náisiúnachais, de bhrí go gcothaíonn siad atmaisféar fóirstineach do na scuainí báis.

Gur fíochmhar breith na háilleachta

LE CIAN MAC AOIDH

COMHMHARTHA cinnte Go raibh an ceart ag an chosmhuintir atá ann nuair a admhaíonn an hoi polloi — i ndiaidh feithimh respectabáilte, gan amhras — go raibh bua éigin ag baint le céalacan 1981.

D'admhaigh Congressman Joe Kennedy é ar na mallaibh nuair a mhaigh sé, agus gan náire ar bith air fán seasamh truacánta a ghlac a chomhaltaí Eireannacha abhus ag an am, gur athraigh bás Bobby Sands leagan amach polaitiúil na tíre seo. Ar seisean:

"Go fireannach ba ráiteas domhain, maoithneach é fán éagóir a bhí á himirt i dTuaisceart Eireann: cuireadh i gcrích é le friotaíocht shíochánta. Silim gurb é toil Bhobby Sands chun bás a fháil ar son cúise ar chreid sé ann, silim gur buaicphointe maoithneachais é sin nach ndéanfaidh daoine i Meiriceá nó

tríd an domhan dearmad air."

Fiú an Tiarna Gowrie a bhí in oifig ag Stormont ag an am nár dhúirt ar na mallaibh go bhféadfadh sé meas a bheith aige ar sheasmhacht na gcimí. Ina bhéal gan smid a bhí sé an t-am sin, ar ndóighe. Agus munar leor agat sin, nár dhúirt an Cairdinéal O Dálaigh féin, i ndiaidh ionsaí Oglaiigh na hÉireann ar bhunáit mhíleata arm na Breataine in otharlann Musgrave, agus é ag díriú a chuid focal ar ógánaigh in Arm na Poblachta, nach ionann an ghluaiseacht a bhfuil siad anois ann agus an ghluaiseacht ar liostáil siad ann roinnt bliana ó shin.

Ach beidh obair acu cuimhne agus íobairt na stailceoirí ocrais a fhuadach ó chlanna na muintire a fuair bás agus ó na daoine anróiteacha i gceantair bhochta an Tuaiscirt, ach go háirithe, a sheas leo. Sinne ar athraíodh go bunúsach sinn ag an stailc ocrais ní go réidh a thiontoidh muid droim leis na hidéil agus na haidhmeanna a bhí ag na stailceoirí ocrais. Agus is fire sin i dtaca le

Gaeilgeoirí an Tuaiscirt de.

Cé nach ceadmhach a leithéid a rá ar na mórmheáin is é an stailc ocrais a ghin an athbheochan bhíogach teanga sa Tuaisceart. Cinnte bhí scéimeanna ann roimh 1981 ach ba é an céalacan a chuir an lasair sa bharrach. Bhí clú na Gaeilge ar na cimí: ag an am chuir *Inniu* síos ar an ranganna Gaeilge a thionólfai roimh an phaidrín mar "*na ranganna Gaeilge is mó in Eirinn*", fiú muna raibh peann nó páipéar nó cailc ag na dálfai. Chuir Gaelú na bpríosúnach dlús faoin tsuim a bhí sa Ghaeilge sa phobal taobh amuigh.

Ach ní hé sin an t-aon tionchar amháin a bhí ag agóid na bpríosún. Nó nuair a thosaigh na cimí ar an stailc ocrais a fháil bháis ba sin an t-am ar fhág cuid mhór daoine slán go deo leis an Bhreatain. Bogadh daoine ina gcroí istigh ag imeachtaí na Ceise Fhada i samhradh fada 1981 agus ní raibh san athrú teanga a chleacht siad féin nuair a roghnaigh siad dá bpáistí a sheol chuig Gaelscoileanna ach ceann de na comharthaí a ba shuntasai san athrú intinne sin. Athghabháil féiniúlachta agus cultúir a luíonn taobh thiar den athbheochan na Gaeilge ó Thuaidh mar a léiríonn an Dr Gabrielle Maguire ina leabhar nua, *Our Own Language — An Irish Initiative*.

D'fhág Máirtéirí na mBlocanna-H a lorg ar shaol na hÉireann agus ar thodhchaí na Gaeilge ar bhealach nach dtuigtear go fóill fiú. D'athraigh siad sruth na staire agus sruth na Gaeilge ar dhóigh nach bhfacthas ó 1916 i leith. Mar dúirt an file:

*"As seo go Lá an Luain
Mar a bhfeictear dath
glas Gael,
Scéal eile ar fad anois
iad:*


*Gur fíochmhar breith
na háilleachta."*



● Agóid le linn na stailceanna ocrais lasmuigh de RTE

GAEILGE!

Cad é a tharla do na ceachtanna Gaeilge a mbíodh in AP/RN? Is iomaí uair a bhain mé úsáid as cuid de na línte suimiúla a bhfuair mé ann agus go minic chuir siad stop leis an chomhrá ar an toirt...



Saoradh na mBan & Athghabháil na hEireann

LE BAIRBRE DE BRUN

TÁ mná ag glacadh páirte sa streachailt ar son saoirse na hEireann ó thosaigh an ghleic na céadta bliain ó shin. Ní thioctadh leis an chogadh leanstan ar aghaidh fiú cúpla mí gan an ról lárnach atá á imirt ag na mná.

Aithníodh sin go hoscailte i ráiteas a d'eisigh Óglaigh na hEireann ag tús na '80dí, a deir:


"This is not a man's war but a people's war, and very, very much suffering has been borne by the women, be they mothers, wives, political activists or Volunteers, and the men ought to remember that without the sacrifice of women there would be no struggle at all"

In ainneoin sin, cloistear go tráthrialta na ceisteanna seo a leanas: An cogadh fear atá ann? An mbainfidh na mná rud ar bith fiú má bhainimid an tréimhse seo den chogadh? An cur amú ama e do mhná na hEireann a gcuid fuinnimh a chur isteach i ngluaiseacht ar son saoradh na tíre mar Ghluaiseacht na Poblachta in ionad a bheith ag obair do ghluaiseacht ar son saoradh na mban faoi leith?

Má chuirtear in amhras an méid de bhuntáistí atá le baint amach ag mná na hEireann as siocair a bheith páirteach sa troid ar son saoirse tá an-chuid den locht ar údair na leabhair staire. Má iarrtar ar an ghnáthdhuine liosta de mhná

mór le rá i stair na hEireann a lua, tá an-seans nach bhfaighfí ach b'fhéidir ainm Anne Devlin nó Maud Gonno agus nach gcuimhneofaí fiú ar na mná sin ach mar 'chailín aimsire dhíl de chuid Robert Emmet' agus 'bean rídhóighiúil a bhí WB Yeats go mór i ngrá léi'. B'fhéidir, fiú go dtiocfadh le duine nó beirt ainm an Chuntaois Markievicz a lua mar chuid den ghluaiseacht náisiúnaíoch agus in éineacht le Maud Gonno agus an Chuntaois Markievicz, ag an am sin. Bhí mná gníomhach i gcúrsaí bolscaireachta, ag cur i gcló nuachtáin leithéid *Bean na hEireann*, i gcúrsaí drámaíochta agus oideachais trí leithéid Inghinidhe na hEireann, i gcúraí polaitíochta taobh istigh de Shinn Féin agus ag cur ar bun cumainn de chuid an Irish Women's Franchise League, an Irish Women's Worker's Union agus Cumann na mBan.

Déantar neamhaird de na mná sin uilig ar dhá ábhar. Is í an phríomhchúis ná gur fir is mó is údair de na leabhair staire agus gur rud ar leith fiú go dtí an lá atá inniu ann 'stair mhná na hEireann', rud nach ionann le 'stair na hEireann' in aon chaoi. Is cuid ríthábhachtach na sreachailte athghabháil stair na tíre seo, go háirithe nuair a bhreathnaítear ar athscríobh na staire ag fórsaí frith-



● Cistin scriosta tar éis ruathar shaighdiúirí Breataineacha

náisiúnaíochta le 25 bliana anuas. Mar chuid d'athghabháil na staire caithfidh athbhreithniú a dhéanamh ar na múrphictiúir, na postaeir, na scannáin, na hamhráin agus na leabhair le cinntiú go ndéantar soiléir gur an pobal uilig agus chan cuid amháin de atá ag troid ar son saoirse.

Go minic baineann ár naimhde úsáid na n-íomhánna frinscneacha amháin chun tabhairt le fios nach bhfuil i gceist ach grúpa fear i gcoimhlint le grúpa fear eile ar ábhar 'machismo' gan tacaíocht ar bith ó réimse leathan den phobal. Dá bhrí sin is mithid agus is rómhithid leabhair cosúil le *Women in the War Zone* agus fístéipeanna mar *Mother Ireland* maraon le sraith úr postaer a léiríonn go bhfuil i bhfad níos mó i gceist agus go bhfuil gach gné den phobal páirteach sa ghleic.

Ar an drochuair, tá cuid de na mná atá ag dul i mbun leabhair staire ag déanamh beag den éacht a rinne na mná sin uilig chomh



● Mná ag tabhairt dúshláin an RUC ag cur cosc ar máirseáil i dtreo lár Bhéal Feirste i mí Aibreán 1991

maith. Tá comhartha ceiste curtha ar an obair a rinne na mná in achán roinnt den fheachtas náisiúnaíoch de thairbhe nar bhain siad amach go fóill cearta iomlán na mban. Ní aithnítear na limistéir chúnga ina raibh orthu a chuid éilimh a chur chun cinn ná gur féidir le mná i bhfad níos mó a dhéanamh inniu mar thoradh ar an seasamh daingean a ghlac siad ag an am a bhí siad gníomhach.

Ó thús an chéid seo bhí mná bainte leis an ghluaiseacht náisiúnta ag cur a gcuid éileamh féin chun tosaigh. Níorbh amhlaidh go raibh mná náisiúnaíocha scartha ó na heagraíochtaí ban agus ag cur ceist chearta na mban ar leataobh.

Ba mhíne do mhná bheith bainte leis an dá ghrúpa agus a bheith ag ardú na gceisteanna céanna taobh istigh den ghluaiseacht náisiúnta féin. Is cinnte go raibh siad ag obair ar son saoirse na hEireann ach chomh maith le sin bhí siad ag cur na béime ar chearta na mban bheith gníomhach sa saol poiblí agus chan amháin sa teaghlach. Bhí míle cumann ag Cumann na mBan ag pointe áirithe, mar shampla, a bhí ag eagrú ban taobh

amuigh den teaghlach. Obair thábhachtach ar phríomhcheisteanna an lae a bhí ar bun acu, rud a d'fhorbair muinín agus scileanna na mban sin, in aghaidh na céille a bhaineann fir ón stair gur obair chúnta amháin a bhí ar bun ag mná, míniú a thugann roinnt feiminí ar an stair chomh maith, ar an drochuair.

Agus muid ag plé ceist 'chogadh na bhfear' inniu, braitheann na hargóintí a úsáidimid ar an anailís a dhéanaimid ar an tréimhse sin den streachailt agus ar na ceachtanna atá foghlaimthe againn ón am sin. Ní aontaím féin leis an anailís a deireann nár bhain na mná cearta iomlán amach de thairbhe nár chuir siad 'a gcuid ceisteanna féin' chun tosaigh. A mhalairt ar fad. Is é mo bharúil go bhfuil saoradh na mban ceangailte go dlúth le hathrú bunúsach sa chóras eacnamaíochta agus sóisialta, agus chan amháin le hathruithe beaga a bhaintear taobh istigh den chóras mar atá sé faoi láthair, cé gur athruithe tábhachtacha iad in amannaí. Chonaic muid le fada an lá gur bhain mná buanna tábhachtacha ó thaobh dlíthe saothair tríd an obair a rinne siad ins na ceardchumainn agus i ngrúpaí ban, ach gur chaill siad cuid de na cearta a bhí bainte amach acu chomh luath agus a chuaigh geilleagar na

tíre in olcas.

Tá dul chun cinn maith déanta ag mná, an formhór ó thaobh mná a chosaint ó fhoréigin ina dtithe cónaithe féin, agus ó thaobh athruithe atá tagtha ar dhearcadh an phobail ar fhrithghiniúint, ar cholscaradh, agus ar an leathcheal atá an dlí ag imirt ar mhná. Is léir go bhfuil géarghá le grúpaí a bheas ag coinneáil na gceisteanna sin agus ceisteanna eile nach iad os comhair an phobail.

Ach tá sé tábhachtach a rá arís agus arís eile nach dtiocfaidh athrú bunúsach i staid na mban gan athrú bunúsach i gcoras eacnamaíochta agus sóisialta na tíre seo. Dar liomsa luíonn an seans is fearr chun na hathruithe bunúsacha a fheiceáil leis an fheachtas ar son saoirse atá ar siúl faoi láthair. Ní thig liom gabháil de láimh go gcuirfead deireadh le hidirdhealú ar na mná má éiríonn leis an chogadh ar son saoirse ach thig liom ráthú nach mairfidh mórán fuinnimh nó misnigh i ngluaiseacht pholaitiúil atá ar lorg athrú raidiciúil de chineál ar bith má theipeann ar an tréimhse seo den streachailt. Ar an lámh eile ní bheadh brú ar bith ar na fórsaí coimeádacha géilliúint d'éilimh ar son daonlathas ó na mná má fhaigheann siad an lámh in uachtar ar na héilimh bhunúsacha do dhaonlathas don tír seo.

Ní hionann sin agus a rá nár chóir do na mná éilimh ar leith a bhaineann leis an leithcheal a dhéantar orthu a bhrú chun tosaigh. Dul chun cinn de shaghas éigin atá déanta ag mná sa tréimhse seo ná go bhfuil siad ag



● Cruinniú eagraithe ag Rannóg na mBan de chuid Sinn Féin

éileamh — agus ag fáil mar cheart — a bheith mar chuid de cheannasaíocht na n-eagraíochtaí ina bhfuil siad gníomhach.

Taobh istigh de Shinn Féin, mar shampla, ritheadh rún ag an Ard Fheis 1983 gur chóir go mbeadh ar a laghad 25% de bhallraíocht an Ard Chomhairle, nó ochtar ball, ina mná. Ciallaíonn sin go gcaithfear roinnt mná a chomhthoghadh mura bhfuil líon na mban tofa ag an Ard Fheis féin, nó mar cheannairí ranna éagsúla nó mar ionadaithe ó na ceantair. Is comhartha aitheantais é seo nach bhfeictear líon na mban sa cheannasaíocht agus a ba chóir de réir obair agus ábalatacht an méid mór ban atá gníomhach sa ghluaiseacht le blianta anuas. Ní chuireann a lán ban iad féin chun tosaigh do phostanna áirithe leithéid iarrthóirí toghcháin, cathaoirligh na gcomhairlí ceantair, ceannairí na ranna nó baill den Ard Chomhairle mar gheall ar bhlianta fada de dhrochtheagasc.

Ina theannta sin, níl na mná a chomhchéim leis na fir, ní sa teaghlach ná sa suíomh oibre, rud a chuireann míbhuntáistí orthu ó thaobh ama agus ó thaobh fuinnimh de agus iad ag cur a ainm chun tosaigh do phostanna áirithe. Bhí gá leis an athrú sin sa bhunreacht mar sin de, chan amháin le mná a bhrú chun tosaigh, ach le

gan ligint don ghluaiseacht íomhá den phoblacht úr a thógáil nach bhfuil riachtanais na mban curtha san áireamh ann.


Nuair a thosaigh mná ins na Sé Chontae ag obair ar son Gluaiseacht na gCearta Sibhialta tháinig cuid mhaith acu amach de thairbhe ceisteanna práinneacha dá gclanna féin drochstaid na títhíochta, ganntanas tí nó ganntanas áit súgartha do pháistí. I ndiaidh dóibh obair le linn na mblianta in éineacht le fir agus mná eile óna gceantair féin thosaigh siad éilimh eile a chur chun cinn agus dearcadh níos soiléire a oibriú amach chan amháin faoin mhéid a bhí mícheart ina saol féin ach faoin sórt sochaí a ba mhaith leo a fheiceáil ins an tír seo.

Mar a dúirt Bernadette

McAliskey: “Twenty years ago, I trundled out there and I didn’t know where I was going. Twenty years later, I know exactly where we’re going. Most of us now know the price of freedom and we’re prepared to pay it.

“Twenty years ago, we thought it was standing out on the street shouting ‘One man, one vote’ and not even realising that was a sexist slogan. But now it’s overthrowing an entire social/political/economic system, taking on the might of the British army, of imperialism. That’s what’s standing between us and the basic dignity we were looking for 20 years ago. And I think the difference is that if we’d known that 20 years ago, we probably wouldn’t have started. But 20 years on, we say: ‘Well, if that’s what we have to do, we’d better get on with it’”.

Tá baic curtha ar mhná na hEireann agus muid ag iarraidh muid fein a shaoradh. Tá baic ann ó thaobh gnéis, ó thaobh na n-aimcí sóisialta agus ó thaobh na ceiste náisiúnta. Ní thig le bean Eireannach an méid di atá ina Eireannach a scaradh ón mhéid di atá ina bean. Caithfidh ár n-aird a dhíriú ar na ceisteanna sin uilig. Agus, mar a deir Bernadette: “Bhuel, más sin an méid atá le déanamh againn, ba chóir dúinn tús a chur leis.”



● Ban-óglach ar patról faoin tuath

I seirbhís don Phoblacht

LE DEIRDRE Nic An tSAOIR

Agus iad ag bailiú le Achéile chun ruathar a dhéanamh ar an bhád *East Side* a bhí ar tí cuan Nua Eabhrac a fhágaint, ní fhéadfadh gur thuig na hoifigí custaim agus na póilíní áitiúla an dochar a bhíodar chun a dhéanamh don IRA i 1921.

Spregadh an ruathar ar an long nuair a tháinig údaráis na Stát Aontaithe ar eolas go raibh lasta de 495 meaisínghunna den déanamh Thompson, páirteanna breise, piléarlanna agus piléirí .45 ar bord an *East Side* agus go raibh sí le himeacht an lá dár gcionn, Meitheamh 17 ú, 1921. Nuair a dhéineadar an ruathar, fuair eadar na gunnaí srl ach ní raibh tásc ná tuairisc ar na deartháireacha Williams a bhí tar éis iad a cheannach agus a stóráil. Ach bhí an dochar déanta. Ní bheadh an oiread sin eagla ar na hionadaithe a shínigh an Conradh i 1921 roimh Lloyd George agus a "immediate and terrible war" dá mbeadh na gunnaí seo tar éis Eire a shroichint gan bac.

Sé tús na heachtra seo de stair na hEireann ná i ndiaidh do Ghinearál Marcellus Taileferro Thompson éirí as a phost in arm na Stát Aontaithe i 1914 thosaigh sé ag obair ar shlithe chun gunna uathobritheach a chruthú. I 1916 bhunaigh sé agus iarchomadóir de chuid chabhlaigh na Stát Aontaithe, John Bell Bliss, comhlacht chun cur leis an obair, an Auto-Ordnance Corporation.

Bhí páirtneár amháin eile ag an mbeirt, Tomás Fortune Ó Riain,



airgeadaí agus ball ceannasach de Chlann na nGael (an eagraíocht a bhí ag cuidiú le poblachtánaigh in Eirinn troid a chur ar na Sasanaigh).

Níor deineadh mórán go ceann 1918 toisc an Chéad Chogadh Domhanda, ach ansin faoi 1919 bhí 25 gunnaí taispeántais den ainm Model 1919 táirgthe i n-oibreacha Warner & Swazey. Go luath i 1920, thástáil póilíní Nua Eabhrac iad mar aon leis na Marines (Cheannaigh siadsan é i 1927 agus d'úsáid siad i Nicearagua é). Níor ordaigh na póilíní ach deich ngunna.

Ní raibh todhchaí ró-rathúil chun bheith ag an Auto-Ordnance Corporation de réir dealramh. Thart fán am seo chuir Ó Riain roinnt custaiméirí in aithne do lucht an chomhlachta agus ar Eanáir 15ú, 1921, ghlacadar le hordú do 100 gunna den déantús Model 1921 óna gcustaiméirí, George Rorke agus Frank Ochsenreiter.

Bhí ar Auto-Ordnance na gunnaí a fháil táirgthe i Colt's Patent Fire Arms Company i gConnecticut toisc nach raibh sé ar a gcumas féin oll-táirgeadh a dhéanamh.

Ní raibh i Rorke agus

Ochsenreiter ach meáncheannaithe, dob é Frank Williams an duine taobh thiar den ordú. Bréagaim de chuid Laurence de Lacy, ceannaire 1916 ó Chontae Loch Garmán a bhí i 'Williams'. D'úsáid de Lacy bréag-ainm eile 'Laurence Pierce' nuair a chuir sé an dara ordú, ar 1,000 de Model 1921, ar \$225 an ceann, mar aon le piléarlanna agus piléir. Bhí neart Eireannach eile ag cuidiú le de Lacy sa scéim. Bhí Harry Boland (Teachta Dála do Ros Chomáin sa Chéad Dáil), a bhí ag bailiú airgid don Dáil sin sna Stáit Aontaithe, ag cur airgid ón chiste i leataobh go ciúin don fhiontar.

Bhí de chumas ag an ngunna nua seo piléar amháin a scaoileadh, nó bheith leathuathobritheach nó iomlán uathobritheach. Bhí réimse 600 slat ag an ngunna, ach bhí sé ní ba bheachta ag réimse ní ba ghiorra. Ba philéir .45 a scaoil sé as piléarlann bhosca 20 piléar, piléarlann drumma 50 piléar nó 100 piléar.

Bhí an chéad seacht ngunna a deineadh i gConnecticut réidh i Márta 1921 agus cheannaigh 'Mr Wise' dhá cheann. Ní raibh trácht riamh arís ar 'Mr Wise', ach bhí an dá ghunna i seilbh Chlann na nGael. Thóg siad chuig armlann an 69ú Reisimint i Nua Eabhrac iad, áit a dhein siad tástáil orthu. Ba é de Lacy féin, mar aon le Seán Nunan a scaoil na céad piléir as Model 1921 den Thompson don IRA.

Ina dhiaidh seo chuir Clann na nGael beirt iarshaighdiúir, an Maor Séamus Duinín agus an Captaen Pádraig O Cróinín, go hEirinn láithreach leis an dá Thompson ina mbagáiste chun traenáil a thabhairt do na hÓglaigh ar conas an gunna nua a úsáid.

Bhí na gunnaí ag teacht beagán ar bheagán isteach i lámha Chlan na nGael agus bhíodar á stóráil i stór ar Ascal La Fontain sa Bhronx, Nua Eabhrac, réidh le heaspórtáil. Ar Aibreáin 5ú, 1921, chuir Rorke agus Ochsenreiter ordú do 500 Thompson breise agus 125 piléarlann druma 100 piléar, 250 piléarlann druma 50 piléar agus 1,000 piléarlann bhosca leis an Auto-Ordnance Company.

An fáth go raibh stóráil á dhéanamh ar an trealamh ar fad a bhí á cheannach ná go raibh eagla ar Chlann na nGael go gcuirfí stad le soláthair na ngunnaí dá dtiocfadh na Sasanaigh ar aon cheann de na Thompsons. Ag cuidiú le de

Lacy i stóráil agus in ullmhú d'easportáil na ngunnaí bhí Dan Fitzgerald (a chuaigh faoin ainm 'Fred Williams') ó Chontae Chiarraí, Liam Peddler, John Culhane agus ceannaire eile ó 1916, Pádraig Keegan ó Inis Chórthaigh a bhí i mbun chúrsaí easpórtála.

Faoi Mheitheamh '21 bhí gach rud ullamh chun an chéad lasta a sheoladh go hEirinn. Bhí stailc chuain ar siúl agus bhí an bád *East Side* réidh le seoladh le foireann d'Eireannaigh a bhí Clann na nGael tar éis a sholáthair. Iompraíodh na boscaí lán de Thompsons trí shráideanna Nua Eabhrac go hoscailte agus cuireadh i bhfolach ar bord loinge iad idir gunnaí, piléarlanna agus na piléirí féin.

Dhá uair déag a chloig sula raibh sí ar tí seoladh a tharla ruathar na bpóilíní agus lucht an chustaim. Faoin am a shroich siad an *East Side* bhí an fhoireann scaipthe agus de Lacy srl ar a seachaint.

Bhí an-áthas ar na Sasanaigh, ach bhí díomá orthu chomh maith, bhíodar tar éis an Thompson a thástáil agus bhí iarracht déanta an RIC a mhealladh chun an gunna a cheannacht. Thuig siad buntáistí an ghunna don IRA.

Chuir grúpa Seapánach spéis sa

Thompson ag an am seo chomh maith agus 'ghabh' siad de Lacy i Nua Eabhrac agus cheistigh siad é i dtaobh pleananna den ghunna a fháil dóibh. Réitigh de Lacy agus Joe McGarrity (poblachtánach Eireannach mór le rá sna Stáit Aontaithe) cóip a thabhairt dóibh. Níor thángthas riamh ar chóip Seapánach den Thompson ach bhí cóipeanna fíormhaithe de Model 1921 den Thompson déanta ag na Síneigh (*The Thompson submachine gun in Ireland*, le J Bowyer Bell, *Irish Sword*, Uimh 31).

Ní anseo a chríochnaíonn scéal an Thompson agus an IRA. I mí Feabhra na bliana céanna bhí John J Murphy, John O'Brien agus Seán Ó Gallachóir tar éis 50 Thompsons a ordú agus a fháil. Shroich na gunnaí seo Eire i mí Mheithimh 1921. Chomh maith leo seo shroich 30 Thompsons an Maor Florence O'Donoghue, Aidiúnach Bhriogaíd Uimhir a hAon Corcaigh. Cuireadh deich



● Griangraf cáiliúil d'Oglaigh ag máirseáil thar Eamonn de Valera i nDroichead Abhann Uí Chearnaigh, Contae an Chláir ar Nollaig i 1922

ngunna go Baile Átha Cliath.

Thart fán am céanna bhí Ó Duinín agus Ó Cróinín i mBaile Átha Cliath ag tabhairt a gcuid léachtanna agus ag traenáil Óglach ar conas an gunna nua a láimhseáil. Bhí Tom Barry agus Michael Collins ag ceann de na céad taispeántais. Deir Tom Barry, ina leabhar cáiliúil *Guerilla Days in Ireland*, faoin eachtra sin:

"After about 20 minutes the Thompson gun was assembled, loaded and some bricks placed apart against a wall about 20 yards distant as targets. Cronin invited Collins or Mulcahy to fire the first shot of this new gun in Ireland, but he urged me to take the honour. Fearing that I would miss with this new-fangled gun and so let down West Cork in front of these GHQ and Dublin Squad officers, I declined, but eventually took the gun, aimed, and with great luck smashed all the bricks into smithereens."

Deirtear i leabhar Tim Pat Coogan *Michael Collins* go mb'fhéidir go raibh an tástáil seo i dtailte na mBráithre Chríostaí i Marino, i mBaile Átha Cliath. Bhí ar bhráthair rabhadh a thabhairt dóibh go raibh eagla air go gcloisfeadh an namhaid iad, toisc an glór a bhí á dhéanamh. Thuig gach duine a bhí bailithe an buntáiste a bhí ag baint leis an Thompson don sórt cogaíochta a bhí á fhearadh ag an IRA ag an am. Mar a deir. Bowyer Bell ina alt:

"Flying columns equipped with submachine guns would be a potent force. Ideal for short range work, the Thompson had the additional virtue for irregulars of being easy to disassemble — the stock could be removed almost instantly. A light, hard-hitting automatic weapon, easy to carry and easy to conceal."

Léiríodh roinnt de na buntáistí

seo do na hÓglaigh an oíche sin agus trí sheachtain níos déanaí cuireadh na gunnaí chun fíorteiste. Ar oíche Mheitheamh 16ú, 1921, d'ionsaigh 13 Óglach faoi cheannas Oscar Traynor traein i nDroim Chonrach a bhí ag iompar 300 saighdiúirí ó Reisimint Oirthear Kent trí Bhaile Átha Cliath. Bhí beirt Óglach le Thompson sa bhuíon Óglach, ach níor thuig duine amháin acu conas an Thompson a úsáid. Seo mar a chuir Óglach síos ar úsáid na Thompsons san ionsaí:

"Of the two machine guns that we engaged, one failed to come into action. The reason being that the original gunner turned up late, and the substitute man never handled a gun before and he perhaps made some mistake. The second Thompson checked when four bursts had been fired. The 50 or 60 rounds that were fired appeared to take good effect. I know for a fact that the enemy had casualties in four carriages."

B'shin an chéad uair ag aon arm ar domhan an Thompson a úsáid i gcogaíocht.

Usáideadh arís an Thompson in ionsaí eile ar traein i mBaile Fhormaid in Iúil na bliana sin agus bhí Thompsons le feiscint ag gloicadh amach as an gluaiastean armtha, a tógadh óna Sasanaigh, agus é ag taisteal sráideanna Bhaile Átha Cliath.

Lean an Thompson ag teacht go hEirinn le linn tréimhse an tSosa chogaidh agus an Chonraidh.

Tá sé le feiceáil i ngriangraf de na hÓglaigh a thóg bearaic ó na Sasanaigh ag an mBóthar Buí i dTrá Lí, tar éis Conradh 1921 a bheith sínithe (*The IRA at*

War; 1916 to the Present, le Eamonn O'Doherty) agus arís i ngriangraf cáiliúil d'Oglaigh ag máirseáil thar Eamonn de Valera i nDroichead Abhann Uí Chearnaigh, Contae an Chláir ar Nollaig i 1922. Tá Thompson ag duine de gharda de Valera (*The Irish Civil War — An Illustrated History*, le George Morrison).

Ní thuairiscítear cé chomh minic is a úsáideadh an Thompson i rith an chogaidh chathartha, ach is féidir glacadh leis gur úsáideadh é toisc an ganntanas armlóin srl a bhí ar an IRA. Bhí chuile gunna a bhí acu in úsáid sa tréimhse seo.

Usáideadh dhá Thompson in ionsaí ar Márta 21ú 1924, ar shaighdiúirí Sasanacha a bhí ar Oileán Spike, i gCuan Chorcaigh. D'ionsaigh Óglaigh, a bhí gléasta i bhfeisteas arm an tSaorstáit agus a tháinig ar an láthair i ngluasteán buí an tSaorstáit, na saighdiúirí Maraíodh saighdiúir amháin agus goineadh 17.

Ba í aidhm an ionsaí seo ná rialtas Shasana a spreagadh chun díoltais agus iarchomráidithe in arm an tSaorstáit a mhealladh ar ais san IRA. Bhí 'Ceannairc an



● Óglach ag ionad seiceála sna luath '70aidí

Airm' díreach tarlaithe. An t-aon rud a tharla de bharr an ionsaí, ná ruathair tríd an tír uilig ag lorg an cúigear Óglach a dhéin an t-ionsaí, Dan 'Sandow' Doovan, James Gray, Jeremiah Gray, Frank Busteed agus Peter O'Shea. D'éalaigh an cúigear acu go dtí na Stáit Aontaithe. (Tom Heavey agus Sean MacBride and the Republican Motor launch Sr George i *Survivors*, eagarthóir Uinseann MacEoin).

An chéad eachtra eile sa **Ascéal** seo ná gur bhronn údaráis na Stáit Aontaithe ar Mheán Fómhair 14ú 1925, na Thompsons srl a ghabh siad sa ruathar i 1921 ar ais ar Joe McGarrity a bhí mar ionadaí do 'Frank Williams'

Chuir McGarrity iad uilig chuig an IRA nuair a bhí Seán Rúiséal mar Mháistir Ghinearál Ceathrúna sna '30aidí agus ag ullmhú don chéad dreas cogaithe eile in aghaidh na Sasanach (*The McGarrity Papers*, le Sean Cronin). Bhí an peileadóir cáiliúil John Joe Sheehy ar dhuine de na daoine a thóg isteach sa tír iad ó na Stáit Aontaithe.

I 1934 tháinig fear ó Bhéal



● Oglach ag bogadh trí gháirdíní cheantar Bhaile Andarsain i mBéal Feirste i 1972

Feirste síos go dtí an Deisceart ar a choiméad. Bob Bradshaw a bhí mar aimn air agus bhí sé ar a choiméad tar éis dó a bealach a phléascadh amach as cordon ag an RUC. Tógadh mar tasc dó aonaid Oglach a chuir ar an eolas faoin Thompson. I cás amháin thaisteal sé chuig Shammer i Maigh Eo ar a rothar áit a thug sé a ranganna faoi sholas choinnéal. Deir George Harrison, Óglach agus daoine dóibh a d'obair don Phoblacht le blianta sna Stáit Aontaithe, gurb é an t-oifigeach traenála is fearr a bhí aige roimh Bob agus go raibh sé ar a chumas an Thompson a thógaint as a chéile

1937. Bhí Seán Rúiséal tar éis dearmad a dhéanamh a rá leis an gCéann Foirne, sula ndeachaigh sé chuig na Stáit Aontaithe, cá raibh na gunnaí i bhfolach aige.

Deir Neil Gillespie i measc na ngunnaí a bhí ag an IRA i nDoire sna '30aidí go raibh roinnt Thompsons agus gur scaoileadar iad anois agus arís mar chleachtadh. Bhí air taisteal go Sligeach uair amháin chun Thompson eile a bhailiú "Neil Gillespie" i *Survivors*, eagarthóir Uinseann Mac Eoin). Fuair na gardaí 92 Thompsons i ruathair i mBéal Atha na Muice, Contae Mhaigh Eo in Iúil 1942.

agus a chuir ar ais sa dorchadas. (*The American Connection* le Jack Holland)

Tháinig na Gardaí ar 12 Thompson agus iad fós ina geuid pacáistí i gContae Chill Dara i

Agus iad ag ullmhú d'fheachtas Operation Harvest i 1956, bhí Óglach ag fiosrú cá raibh an t-armhlón chun na hionsaithe a dhéanamh chun teacht as. Tógadh iad ar Nollaig 10ú, 1956, go feirm i gContae na Mí áit a cuireadh poll i bhfalla le hord agus laistiar de bhí na céadta Thompsons fós ina mboscaí úra monarchan nár osclaíodh roimhe sin. Ba é an Thompson an dara gunna is coitianta a úsáideadh le linn fheachtas na '50aidí ó 1956-'62 agus bhí Óglach go minic ag traenáil leo

Loose talk costs lives

In taxis
On the phone
In clubs and bars
At football matches
At home with friends
Anywhere!



Whatever you say - say nothing

● Póstaer de chuid Oglach na hEireann sna luath '70aidí



● Múrbhalla i gceantar Springhill, Béal Feirste

i mBaile Átha Cliath sa tréimhse seo. Ní fios an Thompsons ón lasta a chur McGarrity, de Lacy nó Murphy, trasna go hÉireann a bhí iontu seo. Tá teist amháin ann go bhféadfadh seo a chinntiú, sé sin an uimhir chláráithe a bhí orthu. Faoi bhun uimhir 1,500 a bhí na cinn a cheannaigh Clann na nGael.

An chéad áit eile a thuaraiscítear ar an Thompson ná in iriseán foilsithe ag an *Irish Publicity Service*, Baile Átha Cliath, *The Separatist*. Séard atá ann ná cur síos gairid ar cad é poblachtánach, cad é an IRA, alt ar dhliithe coisctheacha na 26 Chontae agus alt ar an todhcháí sna '70aidí. Ar an gclúdach tá léaráid de dhuine le Thompson agus laistigh tá grianghrafanna d'Óglaigh ag traenáil. Tá Thompson le piléarlann druma á iompar ag Óglach amháin.

An chéad uair eile atá trácht ar Thompson ná i gcosaint na Trá Gearr ar Mheitheamh 27ú, 1970. Agus iad ag filleadh ó mháirseáil Oráisteach d'ionsaigh dílseoirí an ceantar beag náisiúnach in oirthear Bhéal Feirste.

Ag an am bhí an IRA i ndroch chaoi, ní raibh sí ach ag atheagrú tar éis na scoilte ní ba luaithe sa bhliain. Bhí pobal na Trá Gearr ar a n-aire don ionsaí agus bhí an beagán Oglach a bhí sa cheantar

lonnaithe chun an ceantar a chosaint. San iomlán bhí 14 Oglach agus 12 Fhian. An t-armlón a bhí sa cheantar dóibh ná dhá Thompson, Sten gunna amháin, Grease gunna agus roinnt .303 raidhfil agus gunnáin. Dhein an scaifte beag seo an Trá Ghearr a chosaint tríd an oíche. Fuair Óglach

amháin bás, Henry McIlhone agus goineadh Billy McKee. Fuair ceathrar dílseoir bás agus goineadh a lán eile ag ionsaí an cheantair bhig seo. Ba é seo tús le hathbheochaint an IRA.

I rith na '70í d'úsáid Óglaigh na hÉireann Thompsons i gcathanna gunna leis na Sasanaigh, agus ar ndóigh bhí an Gunnadóir Curtis, an chéad saighdiúir de chuid na Breataine a cailleadh le linn an fheachtais seo, maraith ag piléar Thompson de chuid an IRA. Bhí an-úsáid ar an Thompson fosta ag cosaint ceantracha náisiúnacha ó ionsaithe dílseacha.

Ó shin tá an Thompson le feiceáil i ngrianghrafanna go minic á úsáid ag Óglaigh ar fianas, ar dhualgas gharda, ag baracáidí, ar mhúrbhalla i Springhill agus phostaeirí ag tabhairt foláirimh faoi bhéalscaoilteacht. Tháinig an RUC ar roinnt

Thompsons le blianta anuas, codanna de Thompsons agus piléarlanna sa Chaisleán Glas, Contae Thír Eoghain ar Aibreán 12ú, 1974, ceann i gceantar Ballynewry, Contae Ard Mhacha i 1979, agus ceann i bPort an Duanáin, Contae Ard Mhaca ar Lunasa 3ú, 1979, (*British Army in Ulster* le David Brazilay).

An uair dheireanach a tógadh grianghraf d'Óglaigh le Thompson ná nuair a cuireadh an *St Bedan* go tóin poll ar Fheabhra 22ú, 1982. Bhí Thompson ag Óglach amháin a chuaigh ar bord loinge an oíche sin. Bhí Thompson i measc an lasta gunnaí a fuarthas ar bord an *Marita Anne* ar Mheán Fómhair 29ú, 1984.

I 1987 cailleadh Thompson i dtuaisce a fuair na Sasanaigh i gceantar an Lóiste Ur i dtuaisceart Bhéal Feirste. Níos maille i '87 bhí an Thompson in úsáid ag Óglaigh na hÉireann arís. Bhí scata dílseoirí ag ionsaí tithe náisiúnacha i Sráid Bombay sa Chluain Ard i mBéal Feirste ar oíche Iúil 12ú, nuair a chuir na hÓglaigh cúl orthu le Thompson.

Fada an lá é sin ón *East Side* i 1921. Ní gá go bhfuil ré an Thompson agus an IRA thart go fóill.



● Oglach ag coiméad foireann an St Bedan faoi smacht sular cuireadh go tóin poll é i 1982

Cultúr agus an cogadh chun saoirse

LE PADRAIG Ó
SNODAIGH

GLACTAR leis go gin-gearálta go mba fíochán i bpátrún an-leathan athbheochana in Éirinn Éirí-Amach 1916. Glactar leis freisin gur féidir 1916 a mheas i gcomhthéacs an aiséirí a léirigh í féin san *renaissance* liteartha, i gCumann Lúthchleas Gael agus i gConradh na Gaeilge srl.

Ach ní ceachtar den dá eagraíocht seo atá luaite agam a shlánó an náisiún, sa gciall is doimhne den bhfocal “náisiún”. Cé go bhfuil ar chumas bua, sa gciall mhíleata, de bharr cogaíochta nó *coup*, saoirse pholaitiúil a bhaint amach, meabhraíonn an Conghaileach dúinn nach ionann an tsaoirse seo agus saoirse eacnamaíochta.

Níl aon bhannaí leis an tsaoirse seo ach oiread, go mba saibhre de ná go mba fearrde ilghnéitheacht shaol an phobail nó an riaradh a bhéas air.

Is léir fírinne na cainte thuas, nó tá a chruthú san *malaise* atá ag gabháil do na stáit úd a chraith díobh slabhraí an impiriúlachais, *malaise* a bhuail iad toisc gur dhíríodar iomarca ar réiteach na bhfadhbanna polaitíochta agus gur beag airde a tugadh ar fhadhbanna nó riachtanais cultúrtha na ndaoine. Thagair oifigeach de chuid Chumann Lúthchleas Gael le déanaí do rud ar a ghlaigh sé “GAA Nationalism”. Seo an cineál smaoinimh nach mór bheith faichilleach fúithí, mar gur den chineál is

cúinge í. Níor shlánaigh “ciceáil liathróide” náisiún riamh. Níl ar chumas aon eagraíocht spóirt uaidh féin bheith ina fhoinsé do “ethos” náisiúnta. Agus deirim é seo agus fios agam — nó, ar a laghad mé bheith níos eolasaí ná údar ceann de na téacsleabhair staire is iomráití le tamall, J C Beckett, nár thuill CLG uaidh ach aon líne amháin ar an pháirt a d’imir CLG san athbheochaint náisiúnta; ar an tábhacht a bhain leis sna blianta tosaigh m.sh. mar láthair earcaíochta don IRB — go minic ba iad clubanna CLG na frontaí do chiorcail an IRB — agus níos deireanaí do na hóglaigh agus don IRA. De bhárr na gníomhaíochta seo bhí bunús éigin leis an “ban” mar a baisteadh ar an roinn sin de rialacha an Chumainn.

Ní ann don mhogalra fite-fuaite gníomhaíochta seo a luas thuas feasta. Chomh fada agus téann an CLG, níl feidhm mhíleata ná pholaitiúil leis an gCumann sa gcomhthéacs céanna. Cé nach féidir liom dul níos faide leis an ngné seo anseo, níor mhiste caitheamh léi áit éigin eile.

Gluaiseacht ar an déanamh céanna leis an CLG is ea Conradh na Gaeilge (arís ní thugann J C Beckett d’aird air aon “Bail ó Dhia” fliuch a chur air ina leabhar!)

Breathnaíonn cuid dá lucht leanúna air mar “thobar fíorghlan na náisiúntachta”, fiú sa lá atá inniu ann. Má leantar den dearcadh seo ní thiofadh as ach frithghníomh, frithghníomh as a n-eascróidh an dearcadh gur dream seanchaite, ní hamháin an dream a chreideann gurb é an Conradh an tobar fíorgh-



● SEAMUS O CONGHAILE

lan, ach go bhfuil an eagraíocht lena mbaineann siad, seanchaite freisin.

TÁ tábhacht nach beag ag dul leis an *renaissance* liteartha agus lena mhacasamhail san ealaín agus sna míndána, ag tús an chéid; fiú má chuaigh cuid de ar seachrán agus gur nocht é féin i *gcul de sacs Kiltartanachais* sa litríocht agus in acadúlachas tur sa bpéintéireacht agus sa tsníodóireacht.

Séard a tháinig astu ná — más maith leat — meath agus seargadh i.e. cruachan éadulangach in éadan modhanna agus easpa tuisceanna dháimhiúil ar bhealaigh a chuirfeadh ar chumas an duine é féin a chur in iúl trí mheán na healaíne.

Bhí comhghéilleadh ag baint leis mar *renaissance* (rian de *haut-à-bas*, iarracht den “teach-mórachas”, cumha bhréagach i ndiaidh 1782 ónar fáisceadh a leithéid seo, de chuid Yeats —

*“Irish poets learn your trade,
Sing whatever is well made,
Sing the peasantry, and then*



John O'Leary agus John MacBride i Fontenoy na Fraince (cóipcheart Museum Náisiúnta na hEireann, Ath Cliath)

*Hard-riding country gentlemen,
The holiness of monks, and after
Porter-drinkers randy laughter;
Sing the lords and ladies gay
That were beaten into the clay
Through seven heroic centuries,
Cast your mind on other days
That we in coming days may be
Still the indomitable Irishry."*

Tá coimhlint anseo idir tuataigh agus lucht an éirí-in-áirde, coimhlint agus easpa teangmhála — ainneoin dea-thoil agus míle dícheall Yeats fréamhú le traidisiún, a d'aithneodh an fhilíocht mar ghairm níos mó ná mar cheird (nath coitianta an tsamhail "céird" anseo ach táim amhrasach ar chreid Yeats féin ann), traidisiún a d'úsáidfeadh téarmaí mar "cumtha" agus "ceaptha" in ionad "déanta" chun scríobh dáin a chur in iúl.

Go hachomair is féidir a rá nach ndeachaigh an *renaissance* seo domhain go leor, ní dheachaigh sé go dtí an smior ach theangmhaigh sé ar éigin leis an genámh. Thagair Yeats don am nach mbeadh a chuid dánta intuigthe anseo, de bhárr athbheochan na Gaeilge, mar a mheas sé. Thug sé seal gearr san I.N.B. fiú más trí thionchar Maud Gonne nó John O'Leary a bhí sé

ann. Chuaigh sé chomh fada gur scríobh sé línte mar a mheabhraigh sé féin futhú ina dhiaidh sin, go mb'fhéidir go mba iad ba chúis le fir a phriocadh chun troda.

Agus ba iad, sa mhéid go mba iad a bheoigh corraíl, corraíl gur thug sé féin a chion féin di, i bpolaíocht na hEireann; corraíl nár ghann spunóga lena corraigh sa tsíce Eireannach: CLG; Conradh na Gaeilge; Comóradh '98; An *Mosquito* press; An I.R.B. athbheochanta; Sinn Féin, An Páirtí Sóisialach Poblachtánach Éireannach; craobh Éire Óg den Pháirtí Náisiúnta agus tuilleadh nárbh iad.

Ar chomhaireamh cloiginn amháin is léir cion Chumann Lúthchleas Gael i 1916 (bhí 50% de chomhaltaí craoibhe amháin amuigh i 1916). Bhí sé le maíomh ag Conradh na Gaeilge go raibh tromlach bhail na hArd-Chraoibhe gníomhach (*"we have all been to school to the Gaelic League"* mar dúirt an Piarasach) ach ní hionann an méid atá ráite thuas agus a rá go mba éirí-amach peileadóirí ná Gaeilgeoirí a bhí i 1916. Bheadh dul-amú mór orainn da gcreidfeadh muid a leithéid. Geinearalú a

bheadh ina leithéide, den tsaghas a deineadh mar shampla faoi Choláiste na hOllscoile, Baile Atha Cliath, nó faoin gcléir in ainm an Athar Albert.

Dá gcomhaireodh duine mic *peel-ers* a ghlac páirt sa troid ar son na saoirse — agus ba mhór acu a bhí ann — níorbh aon *rara avis* é Eamonn Ceannt — ní dhéanfadh sin éirí-amach den RIC as!

SMAOINEAMH anseo Snach bhfuil rófhorbartha agam féin go fóill ach smaoineamh nár mhiste a bheith caite chugaibh agus 's é sin go bhfuiltear ró-thapaidh ró-mhinic ag aistriú coincheapanna fealsaimh go roscanna polaitíochta.

Idéalach an uile duine anseo — agus ó thaobh na tola chun seirbhíse de is léir nach ábharáí aon duine anseo ('s é sin ní cnuasach rachmais is príomh spéis linn). Rómhinic mar a deirim go nallmhúirítear an coincheap fealsúnachta san "ábharachas" óna áit ar aghaidh an "idéalachais" mar choincheap fealsúnachta eile is go nglactar leis sa chiall socapholaitíochta de ní amháin nach idealaí an *marxach* abair ach go gcaithfidh an t-idéalai — ó thaobh fealsúnachta de — bheith ina idéalai i gcursaí sóisialta srl chomh maith.

Tá sé ceart a thabhairt le tuiscint go mba cur-in-iúl den athmhúscailt cultúrtha a bhí san Éirí-Amach — agus ní gá comhaireamh cinn de na filí, péintéirí, cumadóirí báileidí, sníodóirí, aisteoirí agus daoine dá sórt a ghlac páirt ann chun a chruthú gur fíor an rud a deirim. Tá teacht ar an liosta gan stró — taispeánadh polaitiúil ar mhian pobail dá n-indibhidiúlacht. Níl sé ar intinn agamsa anseo aon dímhéas a chaitheamh ná díspeagadh a

dhéanamh ar pháirt an Chonghailigh, an Lucht Oibre eagraithe, an Lorcánaigh ná WP Ryan san athbheochaint Ghaelach; i bhfad uaim a leithéid a dhéanamh. An tuar dóchais is soiléire domsa sa tír seo faoi láthair ná an spéis atá múscaillte san gConghaileach ó 1966 i leith. (B'fhéidir go n-aithneodh muid ann é agus Davitt, agus ó Leathlobhair amach anseo.) Creidim nárbh aon ábharáí é an Conghaileach, a chreid go dtiocfadh slánú an duine nó slánú pobail as dul-chun-cinn nó feabhas eacnamaíochta amháin.

'S iad scríbhinní WP Ryan is fearr a thugann spleáchadh dúinn ar an dtréimhse roimh an éirí-amach. Léiríonn sé dúinn an macalla cultúrtha agus an gheallúint pholaitíochta a bhí ag roinnt leis an tréimhse céanna. Tá ábhar ann gur fiú a chíoradh leis féin ach ní hí seo an áit.

Nuair a bhí a chuid ráite ag an gConghaileach faoin tionchar díobhálach a bhí ag Ó Conaill agus ag an gcléir Chaitliceach ar an nGaeilge dúirt sé:

"I cannot conceive of a socialist hesitating in his choice between a policy resulting in such self-abasement and a policy of defiant self-reliance and confident trust in a people's own power of self-emancipation by a people."

Nuair a bhí uair na cinniúna ag teannadh leis i Samhain 1915 ba ar fhilíocht Mangan a tharraing sé don leitmotif do cheann de na píosaí ba cheannaircí dár scríobh sé — *"Ireland — Disaffected and Revolutionary"*. Níl fhios agam cé mhéad agaibh a bhfuil cuimhne agaibh ar Éirí-Amach na hUngáire i 1956.

Cuireadh agus leasaíodh an síol don Éirí-Amach sin ins na ciorcail Petofi. Ba ag leacht Petofi i mBuda Pest a tionólaí cruinnithe na macléinn. B'as na cruinnithe sin a

d'fhás sprid na réabhlóide, a léirigh é féin sa seasamh a tógadh sna sráideanna ar an 23ú Deireadh Fomhair, 1956.

I súile na nUngáireach, ba é Petofi a bhfile náisiúnta. Ba é freisin, duine de cheannairí éirí-amach 1848 — an Éirí-Amachh a chuir na Rúisigh faoi chois le láimh láidir. Séard a b'áil liom a shoiléiriú anseo ná ionannú chúis an náisiúin, sa chás seo an Ungáir, leis an urlabhraíocht fileata is fearr agus is fiúntaí dá bhfuil aige. Ní hé amháin gur foinse inspioráide ealaíon na nglúnta a d'imigh don am i láthair, ach is cód teagmhála é freisin. Ní haon rud neamhghnách an t-ionannú seo. Ní ceart go mbeadh aon deighilt bhunúsach idir ealaín agus an pobal dár díobh é: Comhartha na haigne paróistí (sa gcéill tarcuiseach a úsáidim an focal paróisteach anseo, mar d'úsáid Patrick Kavanagh é san idirdhealú aige idir paróisteachas agus cúigeachas) é a cheapadh gur le duine éigin eile, grúpa éigin eile, nó aicme éigin eile, áit éigin eile a bhaineann cultúr agus ealaín.

Tá an galar seo orainne faoi láthair, mar phobal. Lorgaimid slat-tomhais fiúntais don ealaín agus don tsníodóireacht, ón iasacht. Ón

iasacht, freisin, go minic, dóibh siúd go nglacaimid leo mar mheastóirí fiúntais. Cuid den ghalar sea an easpa muiníne, eolais agus measa ar an rud atá dúchasach. Tá a cruthú seo an taispeántas d'ealaín nua-aimseartha Éireannach a chuaigh tamall de bhlianta ó shin ar thaispeánt i gCríocha Lochlann — is de shaothar eachtrannaigh 50% den obair atá sa taispeántas.

Tá an bhrí cheart le cultúr ag dul amú orainn — i.e. an coimpléasc iomlán sin de ghníomhaíocht neamhphraiticiúil trína gcuireann an pobal é féin in iúl, sa chéill is doimhne; oiliúint, forbairt agus neartú iomlán cumhachtaí pobail idir chumhachtaí intinne, mórálta, aestéitiúil agus fisiciúil. Ní amháin go spreagann ealaíontóirí réabhlóidí, sa chéill is leithne, ach is tríothu a chuirtear in iúl an tsaoirse a bhaintear amach. Sampla maith de seo sea an saoradh samhlaíochta agus cumas cruthaíochta atá i múrmhaisiúcháin Mheicsiceo de thús an chéid seo. Níl fáth ná ábhar againn bheith dúnarasach faoinár gcultúr. B'fhéidir gur fíor, mar a dúirt Tomás Mac Donnchadha, nach dtugann pobal ar a dteicheadh leo ach na healaína soaistrithe — filíocht agus ceol —



● Tanc Sovéide gafa ag treallchogaithe san Ungáir i 1956

ach ní beag le rá a bhfuil d'ealaín na múnlóireachta againn, agus san am a d'imigh, thugamar, mar a chuir Ludwig Bieler síos air, a chéad ealaíon teibí don Chríostaíocht.

Tá an-chuid tromaíochta déanta ar Herbert Marcuse le blianta beaga anuas. Foilsíodh léirmheas a rinne Alasdair Mac Intire air, ach tríd is tríd teipeann ar Mac Intire déileál le Marcuse ar cheist cultúir agus ealaíona. Is fiú an teideal *The One Dimensional Man* teideal an tsaothair is fearr de chuid Marcuse, a choimeád i gcumhne.

CULTÚR — an rud a chthugann corp don scáil. Cultúr a fhíoraíonn an scáthphictiúr. Is linne an domhan; mar a deir an seanrá, 's é ár n-oisre é.

Aithníonn an duine forbartha áilleacht na bpéarlaí — ní fheiceann an duine aontomhaiseach ach a luach. Nuair a léirigh mé an méid sin den chúlra cultúra atá fite fuaite inár saoirse, bhí mé ag an am céanna ag léiriú tarlachtanna a bhfuil macalla di i stair mórán tíortha eile. Breathnaimís, scaitheamh, ar thaithí náisiúin eile ina dtroid ar son a saoirse. Nuair a bhí na hAlbánaigh ag troid ar son saoirse, san aois seo caite, thoirmeasc na Turcaigh orthu aon rud a fhoilsíú ina dteanga féin, ainneoin nach mbeadh ar chumas mórán é a léamh i ndiaidh a fhoilsithe. Nuair a cuireadh an Léigiún Náisiúnta *Brizran* ar fionraí, bunaíodh ina áit cumainn d'ealaíontóirí, d'fhilí agus de smaointeoirí, i gConstantionópail agus i bpríomhchathair na mBalcánach. Bhí an réabhlóid chultúrtha goite i gcion chomh mór sin i 1909 gur glacadh le hAibítear Albáineach, a rinne éascaíocht mhór i scaipeadh litríocht náisiúnta, ní áirím *propaganda*. Cuireadh an Éirí-Amach i

gcrích i 1912, dhá bhliain ina dhiaidh sin, nuair a bhaineadar amach a saoirse.

I Sri Lanka, cuireadh le tuiscint náisiúnta an phobail de bhárr an leatroid bhrúidiúil a d'imir na Sasanaigh ar na ciréibeacha chreidimh i rith an chéad chogaidh mhór. Sa bhFionlainn, go dtí 1835, ní raibh sa bhFionlainnise ach *patois* tuatánach, gan aird uirthi, ach le bunú Chumann na Teanga Fionlainnise sa bhliain 1831, tháinig forbairt faoin litríocht náisiúnta, forleathnú ar an bhFionlainnise mar theanga labhartha agus sa bhliain 1863 bhain sí amach comhchéimíocht le Sualainnis. (Níos lú ná 10% den phobal a labhrann Sualainnis anois.) Faoin mbliain 1879 bhí ceart ag an bhFionlainn a harm féin bheith aici. Fógraíodh a saoirse i 1917.

Sampla, atá tábhachtach dúinne is ea Oileáin Faró. Ba chuid de thailte na hIoruaidhe iad go dtí 1814 nuair a b'éigin di iad a ghéilleadh don Danmhairg. Le tús na náisiúnachta nua-aoisí san 19ú aois, cuireadh spéis in agus tugadh aird ar an gcuid ba sheanda den litríocht náisiúnta. Thánathas ar chomhréitheach faoi theagna scríofa. Sa bhliain 1906 bunaíodh Páirtí *Home Rule*. I 1912 ceadaíodh múineadh na teanga sna scoileanna — faoin mbliain 1938 ba í an t-aon mheán teagaisc í ag múinteoir ar bith gur mhian leis sin, faoin mbliain sin freisin bhí an t-oileán aonteach nach mór. Faoi 1947, bhí pobal a raibh fás agus dul chun cinn faoi sna Faró. I 1947, leis, bhaineadar *Home Rule* amach.

I measc laochra náisiúntóirí na bPléimeannach áirítear sníodóir Éireannach darbh ainm Joe English. Faoi dhó ar a laghad shéid náimhde Flondrais an leacht cuimhneacháin a dhearaigh English do na Pléimeannaigh a thit i geath.

Ní gan fáth a deineadh an séideadh. As an spéis a cuireadh sna laochra seo tháinig athrú mór ar an mBeilg. Stát-aonteach nach mór a bhí sa Bheilg. Mhair canúintí Ollainnise i *patois* tuatánach — tá sí anois ina stát le dhá theanga ar leith. Fréamhaigh an t-athrú seo as athbheochaint teanga na naoú haoise déag. B'fhúasaide an athbheochaint gur glacadh le Ollainnis mar an teanga caighdeánach scríofa.

I ndáiríre níl muid anseo le freagraí a thabhairt: táimid ann le ceisteanna a chur, le ceisteanna a ríomhadh agus b'fhéidir le freagraí a fháil ar chuid dár gceisteanna. Chuige sin níor mhiste roinnt nótaí ó fhoinsí éagsúla a chur romhainn. Seo giota amháin.

Serbo-Croatian, as it is written and spoken today in Yugoslavia, is largely a creation of philologists and grammarians who studied abroad, mostly in Vienna. So too Czech, Slovak and Slovene, as they are now used, are the creations of scholars who wished their peoples to have linguistic resources of their own greater than they already had. These new literary languages were, of course, created out of the old dialects — and yet they differed considerably from the old dialects — They meet needs, social, political and cultural, unknown to the peasant communities using the old dialects.

These Slav linguists and grammarians had two purposes in mind. They wanted to preserve for their people their own folklore to record and explain what was peculiar to them; and also to provide them with resources in their mother tongues which until then they had lacked. These two purposes were not in their eyes inconsistent with one another. If the Slav people took no pride in what they inherited from their ancestors, they might soon cease to be Slavs as they were

drawn into a civilisation alien to them; and if they acquired no languages of their own adapted to the need of that civilisation, they could not raise themselves to the level of the advanced peoples. These new languages would serve to draw together communities speaking a wide variety of dialects, thus enhancing their sense that they were one people, and would also enable them to acquire western ideas and practices.

Tig linn go léir ag éisteacht le seo, ó pheann Jan Plamenatz as Montenegro a fuair bás le déanaí, tig linn macallaí as stair ár dtíre, as stair ár dteanga, as stair ár ngluaiseachta a mhothú. Tig linn b'fhéidir chomh maith teacht ar thuiscint ar an déscaradh úd a chaitear linn go minic go bhfuil muid ar thaobh amháin coimeádach agus ar an taobh eile fréamhach. Agus tá muid: ach níl aon deighilt eatorra. Is ar turas atá muid turas i dtreo ár bhféiniúlachais agus turas ar aghaidh i dtreo iomlánú ár bpobail, turas más tuirsiúil fós é amannaí agus más uaigneach ó thráth go chéile gur turas i dtreo na físe é, turas nach séanann deacrachtaí ach turas i dtreo aidhme atá simplí, casta agus cinnte 's é sin athréimniú na Gaeilge sa tír seo: agus más ceadmhach cur leis sin an aidhm sin le bheith bainte amach lenár linn féin.

Cuireadh seanchaithe na hAilgéire go léir beagnach i bpríosún ó 1955 ar aghaidh. Thuig na Francaigh tábhacht an dúchais a bhí ag snadmhadh an dá phobail ansin — na Berberigh is na hArabaigh — in aon náisiún amháin agus thrialladar an ghluaiseacht sin a chosc le torthaí gur eol dúinn uilig go rímhaith. Fórsa chun fuascailte a bhí sa chultúr: nó mar a deir Fanon *"the consciousness of Self is not the closing of a door to communication."* Philosophic



● Bachelor's Walk, in memory le Jack B. Yeats. Bean ag fágaint a hoifrúil ar láthair marú. Deirtear gur siombal í ar na mná in Éirinn a chaill a mic trí chogaocht agus imirce

thought teaches us, on the contrary, that it is its guarantee."

Ag scaoileadh muid féin ó laincisé is cúlhbheannaí impiriúlachas Shasana atá muid nuair a leanann muid conar de hÍde ag maíomh go léiríonn muid ní amháin go bhfuil todhchaí ag Éirinn ach go bhfuil an t-am i láthair ina fhás nádúrtha as an am atá thart is go bhfuil ginniúint todhchaí níos fearr níos iomláine níos sláintiúla san fhás a chuir Conradh na Gaeilge roimh phobal na hÉireann. Is féidir, is gá agus is fiú cur lenár n-eolas ar na cúrsaí seo d'fhonn tuiscint níos doimhne a fháil ar ár gcás féin agus as an dtuiscint sin beartas níos críonna a thionscnamh ina treo.

Ba é toradh na réabhlóide i gCuba gur tháinig as nó gur lean é pléascadh ealaíona gur fearrde as Cuba agus a pobal é. Ainneoin gur fhág líon mór daoine an t-oileán ó aimsir na réabhlóide agus cé gur boichte an Cuba atá acu siúd a d'fhan dílis do Castro, in ainneoin sin uilig, tá deis níos fearr acu saol tairbheach, comhlíonta a chaitheamh.

Tá sé ráite ag FR Leavis *"What we need and shall continue to need*

not less, is something with the livingness of the deepest, vital, instinct, an intelligence, a power — rooted strong in experience, and supremely human — of creative response to the new challenges of time."

AINMHÍ mothaíoch sea **A**an duine agus le bheith ina dhuine iomlán caithfear féachaint chuige nach gcuirfear bac ná constaic i mbealach a fhorbartha céadfaí. B'fhéidir go mbeidh gá a chéadfaí a oiliúint ina dtuiscint nó ina mbreith ach ní deacair é sin a dhéanamh.

Rófhada atá muid féin agus an pobal ag cur cosc orainn féin. Ba chóir go mbeadh muid in ann comhdhéanamh rudaí a bhraith, sofhreagarach d'fhuaime agus do bhlas, aigne oscailte bheith againn do dhathanna agus do dheilbh rudaí: gan faillí a dhéanamh ar chéadfaí an bholaidh. Is cuid den duine, de chuile dhuine, iad seo uilig. Faoi thionchar an tsaoil intleachtúla tagann na céadfaí chun



● Na Chieftains atá tar éis ceol traidisiúnta a chur in aithne do phobail an domhain

forbartha agus míneadais. S'iad seo, le cois dea-bhail eacnamaíochta, a thugann aontas agus leanúnachas don saol. Cé go bhfuilid féin, polaitíocht agus eacnamaíocht, ag brath ar a chéile níl aon choimhlint eatorthu, ach ní hé sin is téama dúinn anseo.

Braithim gur leagadh iomarca béime ar na toiscaí eacnamaíochta a théann le himirce. D'eisimircigh líon mór daoine agus d'fhág postanna maithe ina ndiaidh, tá aithne agatsa, agamsa agus againn uilig orthu. Séard abáil liom a rá nárbh é *malaise* eacnamaíochta ár bpobail amháin a chuir an ruaig orthu; cúis níos doimhne fós faoi ndear a n-imeacht i.e. gur bhraitheadar nach raibh ar a gcumas iad féin a chomhlíonadh sa phobal seo. Séard is brí le "comhlíonadh": a theacht ar thuiscint iomlán ar n-achmhainn chun maitheasa — fuascailt iomlán ar dtallann agus gcumais, an gríosadh chun na fuascailte seo bheith in atmaisféar ginearálta cultúrtha an phobail ina mhairimid. Níl an t-atmaisféar seo in Éirinn do mhórán daoine. Ní fhéadfaí é chur ar fáil do roinnt: do shean-sealbhadóirí an *Ascendancy* agus a ndíorma Caitliceach caisleá-

nach, mar an dúchas a bhí ionainn agus atá muid ag cuartú, bhraitheadar siúd gur rud coimhtíoch é, bheadh blas coimhthíoch ar a luacha dóibh. Ní bheidís ar aon intinn le pé rud a chuirfeadh sé i gcrích.

(Bhí an coimhthíos céanna seo ag priocadh iad siúd a d'fhág Cuba. An leithsceál a thugadar i.e. bagairt póilíní, ní raibh ann ach briotachas na dronga bailbhe á rá go mb'fhearr leo uathu agus as an bpobal nua a bhí dhá thógáil i gCuba.)

Ach tá morán eile dár muintir féin, as Gaeltacht agus Galltacht, nach bhfuil aon ghealltanais comhlíonadh ag ár bpobal dóibh. Níl aon fhreagra ag ár bpobal do dhúile inmheánacha an duine — bheadh sé fíor a rá go bhfuil ár bpobal naimhdeach do chultúr, sa mhéid go léiríonn sé dearcadh nó meon filistéineach i leith na n-ealaíona, agus tá sé mar sin sa bhfíorchéill agus sa chéill is doimhne, náimhdeach d'fhorbairt an duine.

Thrácht mé roimhe seo ar an troid chun saoirse. Ní haon ábhar iontais an líon ealaíontóirí a bhí páirteach ann. "Éirí-Amach na bhfilí" a glaoth air — is féidir tarraingt ar an bPiarsach, Mac

Donnchadha, Plunkett, Ó hUigín, Mac Easmainn agus Mac an tSaoi san liosta seo.

Go minic tá an liostáil seo leithscealach nó scaiptheach. Leithsceál aineolach an fhilistínigh choiméadaigh nó cur-ar-leataobh teagmhasach an fhir ghnótha aontomhasaigh do rud éigin nach féidir leo a thuiscint nó nach dtuigfeadh siad; nó ar an lámh eile an té a cheil ar an réabhlóid agus gach a seasann si dó, déarfadh sé sa chás seo gur rud ealaíonta é agus dá bhrí sin nach bhfuil sé praiticiúil.

Bhí i bhfad níos mó ná bailé ilchasta i gceist san éirí-amach agus i gCogadh na Saoirse ar ndóigh — ach arís, ní hé sin atá i gceist anseo.

Más áil le duine mionfhilí na réabhlóide a liostáil caithfear Maeve Cavanagh Mac Dowell, Séamus O Conghaile é féin, agus tuilleadh nach iad a chur san áireamh. Bhí Liam Mac Piarais ar dhuine de na "*Irish Art Companions*" — dream a chomhshnaidhm comhoibriú, gluaiseacht thionsclaíocht agus athbheochant cultúrtha.

Ba ealaíontóir í an Chúntaís. I gcampa géibhinn a phéinteáladh

ceann de chéadphictiúirí iar-uachtarán an RHA Muiris Mac Conghail agus atá anois ar thaispeáint in Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann.

I measc ceoltóirí agus lucht amharclainne a ghlac páirt san éirí-amach bhí Gerald Crofts, Seán Connolly agus tuilleadh nach iad.

I measc cáipéisí feidhmeannacha an Dara Dála, luaidh Aireacht na míndána faoin gCúnta Plunkett, an chéad aireacht dá sórt san Eoraip. Ní raibh aon tagairt don aireacht seo i riarcháin an tSaor-Stáit a lean an cogadh cathardha, agus de bhrí-mar gur fhan an Cúnta Plunkett ina Phoblachtánach a tharla seo. Ní raibh ann ach ceann de na torthaí a lean an chailliúint idéalachais ba thoradh le cloí na Poblachta.

TÁ mórán toscaí ag cur bac le forbairt chultúrtha ár náisiúin. Ina measc tá an moll ábhair as Béarla ar chaighdeán an-iseál nó gan aon chaighdeán ar raidió, teilifís agus ar nuachtáin srl.

Ní haon áibhéal a rá go bhfuilid sin faillíoch ina ndualgas i leith an chultúir. Cúis níos doimhne fós nach bhfuil an cultúr ag forbairt sea an easpa muiníne inár gcumas cultúrtha, inár neamhspleáchas agus inár gcumas chun ár gcuspóirí nó idéil a chur i grích.

Tá an fhorbhairt cultúrtha á bac freisin ag an dtimpeallacht ina mhaireann mórán dár bpobal, timpeallacht atá go bunúsach frithintleachtúil — suaitheadh spride atá i ngleic leis an grís teoiricí agus teoiricíochta a fhaigheann siad ón iasacht gur ceann dá chomharthaí sóirt an easpa léitheoirí d'irisí fiúntacha. Chomh maith leis seo tá muid ar cheann de na corr-thíortha nach bhfuil irisí d'aon tsórt ag na mórphairtithe

polaitíochta.

Tá na toscaí seo uilig "laistigh."

Sa chur síos a thug Pierre D'Harcourt ar a thaithí i gcampaí géibhinn na Gearmáine deir sé —

Thaispeáin an campa dom nach ar teorainn thír naimhdeach atá fíor naimhde an duine raonálaithe ach go minic go bhfuilid i measc a phobail féin fiú laistigh dá aigne féin. Siad na naimhde is mó ná turcántacht, fuath agus sainnt. Tá na fíor-naimhde laistigh.

Gné ar leith cuid dhílis cuid an-dhílis den srachairt in aghaidh an impiriúlachais is ea an ghluaiseacht teangan. Bíonn an dá raonann i gcónaí siar agus ar aghaidh — mar dhroichead idir na glúnta, mar shnaidhm eatorra san atá, a bhí, is a bheidh.

Gné amháin d'insint na staire nár deireadh aon ró-phlé air ná díreach an ghné sin: ní bhéimnítear mar shampla cé chomh neadaithe sna hiarrachtaí athbheochana ag deireadh na 18ú aoise is a bhí na hÉireannaigh Aontaithe cé gur i gcomhthéacs eile ar ndóigh ó thaobh labhairt na teanga a bhíodar. I 1784 thagair Luke Gardiner do cé chomh coitianta is a bhí an Ghaeilge le clos ó shaighdiúirí airm na Stát Aontaithe.

Ní Dháibhís amháin a bhí tógtha le ceist na Gaeilge. Bhí Mitchel ann is is fiú leathanaigh an *Nation* a chíoradh faoi seo.

Tá teist Devoy againn faoi dhearcadh na bhFiníní. Féach gur éaramh ar an CLG an fear Gaeltachta sin Mícheál Daibhéid is gur thriail sé monarcha a bhunú i gConamara srl.

Fós féin tháinig athrú bunúsach chun feabhais le bunú Chonradh na Gaeilge nuair a léiríodh nasc an am i láthair le seanchas ár sean is na féidireachtaí chun feabhas a thug an tuiscint sin don am le teacht, rud a léiríodh, mar shampla, san

athaimsiú i ndiaidh ghorta chéadbhliain i saothrú na teanga féin.

Cuid dílis den impiriúlachas freisin an t-impiriúlachas chultúir agus an easpa féin-aithne, féin-mhuniníne a eascraíonn as go dtí do dtagann an pointe go minic gur mó dochair a dhéaneann lucht tacaíochta na hImpireachta (nó an t-aos san a thugann tacaíocht dó is gan an tacaíocht san a aithint nó a áireamh ina thacaíocht) — thart ar 1830 dódh sean-leabhair is seanchaipéisí Gaeilge sa Chabhán as ruathar eaglasda in éadan an Bhíobla sa teanga dúchais.

Dhá éadan deir aonbhonn atá i gceist againn: agus is boichte-de an ghluaiseacht náisiúnta ceist an chultúir gan bheith mar dhlúth dá hinneach. Muna dtuigtear san sleamhnaítear i dtreo *Home Rule* via meon ghrúpa an Round Table, go dearcadh Mhic Réamoinn in éadan an scarúnachais, go dtí an cúigeachas Briotaineach a d'eascair as sin.

B'shin an pholaitíocht a bhí ag dul in uachtar sa Chonradh nuair a ghlac an forchliathán dé páirt ghníomhach in imeachtaí ná in Ard Fheiseanna 1913-1915. Ba réabhlóid in aghaidh an ruda sin cuid áirithe, Éirí-Amach na Cásca. Mar chulú chuige, cuid áirithe, atá an feachtas i dtreo athchumadh na staire — cé nach bhfuil sin dultha chomh fada leis an Chambóid fós.

FREAGRAI

Trasna. 1. Sumaire 6. Gníomhaí 8. Inniu 10. Spleáchas 12. Scartha 13. Athbhí 14. Airgead 16. Neamart 19. Scéalai 22. Carraig 23. Barrachas 24. Cáisc 26. Caipitlí 27. Milleán

Síos 1. Scriosta 2. Móin 3. Ionú 4. An Albain 5. Lasair 7. Osna 9. Iaróg 11. Adh 15. Deighilt 17. Mórca 18. Toghchán 20. Clasal 21. Lua 22. Cosc 24. Cill 25. Inné

Rogha an Phobail

Tá deich mbliana thart ó aimsir na Stailceanna Ocráis. Is rud é sin, is fíor, atá le rá go minic in altanna agus in óráidí i mbliana agus cé gur soiléir nach bhfuil sé riachtanach a rá a thuilleadh mar phíosa eolais is fiú an t-athrá mar chur i gcumhne dúinn go léir ar cé chomh méid ama díreach atá éalaithe uainn ó na laethanta dochurtha sin le linn an chéalacain. Deich mbliana de dhul chun chinn, nó deich mbliana den rud céanna, sin í an cheist.

Nuair a fuair Prionsias Mag Uidhir bás go tragóideach cúpla seachtain tar éis do Bobby Sands a thosú ar an dara stailc ocráis ní raibh na malairtí polaitiúla inmheánacha a bhí i ndán don Ghluaiseacht dá bhrí insamhailte ag éinne. Ní hé nach raibh tionchar thar rud ar bith eile le glúnta anuas sna hÍobartaigh a rinne na stailceoirí ocráis féin agus go mbeadh toradh a gcalmachta i gcónaí mar sprioc agus inspioráid don chuid eile dinn, ach amuigh ó shin, i slí dhifriúil, ba é toghadh Bobby Sands mar fheisire Westminster ba mhó a chinn treo na gluaiseachta do na blianta ina dhiaidh, agus tá an íomha sin linn fós.

B'fhéidir go raibh a fhios againn go raibh an leithéid de chrann taca ann dúinn i measc ár bpobail



● Tacathóirí Paddy Agnew, tar éis dó bheith tofa mar theachta Thigh Laighin Meitheamh 1981

ariamh. B'fhéidir go raibh iontaobhas againn as an phobal náisiúnach ariamh go mbeidís ann nuair a bheadh gá ann do bha... ach ní raibh éileamh mór i measc poblachtaithe leis na tuairimí sin a thrialadh. Fírinne le rá bhí frithghluaiseacht bhuan ann i measc poblachtaithe a sheas in aghaidh páirt a ghlacadh i dtoghchán ar bith ar eagla na heagla go gcaillfimis. B'fhearr leo gan feisire ar bith ná ábhar feisire sáraithe.

Ach tháinig Aibreán 1981 agus toghchán Bobby agus d'athraigh achan rud. Istigh sna blocanna leáigh na hamhraisíní in aon splainc lasrach amháin. Bhí bualadh doirse in achan sciathán ar lá an toraidh a mhair níos mó ná 15 nóiméad nuair a chualathas go raibh Bobby tofa. Ach ní raibh na bodhráin de dhoirse á mbualadh de bhrí athrú polasaithe ach toisc go raibh dóchas beag inteacht go mb'fhéidir, ar sheans tanaí, go slánofaí a shaol agus é ina fheisire. Nuair a mháraigh na Sasanaigh é mí ina dhiaidh sin bhí oideachas faighte againn go léir... bhí céim

tógtha againn i dtreo tuiscint ar fhiúntas agus teorainneacha atá ar thoghcháin agus duine dinn á thoghadh. Lig rialtas na Breataine d'fheisire a bpairliminte féin bás a fháil ar stailc ocráis agus bhí ceacht tábhachtach san éacht sin.

Deich mbliana ar aghaidh agus cá bhfuilimid maidir le polasaithe toghchánaíochta. Ó toghadh Bobby bhí beirt Theachtaí Dála againn i dTeach Laighinn, Kieran Doherty agus Paddy Agnew, cimi an bheirt acu. Bhí feisire eile againn i bhFear Manach/Thír Eoghain Theas ar dhá ócáid, agus ar ndóigh tá Gearóid Mac Adaimh ina fheisire Westminster le blianta anuas i mBéal Feirste Thiar. Seachas sin bhí cúigear ball tofa againn i dtionól Stormont idir 1982 agus 1984, agus bhí beagnach 90 comhairleoir áitiúla againn ó dheas agus ó thuaidh tar éis toghchán 1985 nuair a bhain Sinn Féinthe 59 suíochán sna Sé Chontae. Malairt mhór? I mbealach is fíor a rá gur malairt mhór atá ann ó fhaitíos 1981 nuair nach raibh poblachtaithe páirteach i dtoghcháin. Ach i slí eile, slí a

thuigfeadh na stailceoirí ocrais is dóigh, tá rudaí mar a bhí agus i slite níos measa fós.

I 1981 lig rialtas na Breataine do bheirt dhuine tofa, Bobby agus Kieran, bás a fháil ar stailc ocrais. Trí sin, léirigh siad cé chomh beag measa a's atá acu ar dhaonlathas ná ar thoil mhuintir na hÉireann ina rogha toghchánaíochta. Ó 1981 níor athraigh sin ach amháin i modh bású na n-ionadaithe tofa s'againne.

I dTír Chonaill dunmharáíodh Eddie Fullerton ag tús an tsamhraidh agus níos maille sa bhliain lámhaíodh comhairleoir Shinn Féin, Bernard O Hagan i nDoire Theas. Bhí Bernard ar an cheathrú comhairleoir Sinn Féineach a maraíodh le cúpla bliain anuas, agus in achan chás bhí lorg na Sasanach sna hionsaithe. Ní hiad na comhairleoirí ar maraíodh na cinn aonair ar ionsaíodh. Is fada an liosta de bhaill tofa de Shinn Féin ar fud na Sé Chontae a d'éalaigh lena saolta ó ionsaithe ag lámha na ndílseoirí agus na dílseoirí ag obair faoi choimirce arm na Breataine.

Sa deich mbliana ó mháraigh Thatcher a ndeichniúr comrádaithe sna Blocanna H níl mórán athraithe, mar sin, sna polasaithe atá ag an Bhreatain. Fórsa agus foiréigin an 'réiteach' amháin atá acu don 'cheist Éireannach'. Ní athraíonn siad ach an leibhéal d'fhoiréigin a úsáideann siad, ach tá sin ann i gcónaí. Tuigimid níos fearr anois, b'fhéidir, deich mbliana níos fuide ar an bhóthar, deich mbliana níos giorra don bhua, caidé go díreach a chiallaíonn siad nuair a deireann siad an focal daonlathas... Ciallaíonn siad go n-aithneoidh siad rogha an phobail nuair a fheiliríonn sé dobhtha, agus go móróidh siad rogha an phobail nuair is fearr a fheiliríonn sin dobhtha. ■

Cara scealach sa chúirt


LE MAIRTIN O MUILLEOIR

Nach iontach i ndiaidh fiche bliain agus corradh beag de streachailt chorráitheach ó thuaidh gur ó thaobh na mbreithiún is túisce a thagann cur síos liteartha ar imeachtaí na gCúirteanna Diplock.

Níos iontaí arís, b'fhéidir, gur scéaltaí taitneamhacha atá i dhá novella *Balbh go Mailíseach*, fiú más léir gur leis an mheánaicme Caitliceach agus chan leis an lucht oibre Phoblachtánach, a bhfuil sé ag scríobh orthu, a luíonn bá an údair. Suíonn an t-údar, faoina ainm cleite Alec Bán Mac Conaill, an dá ghearrscéal i mBéal Feirste sna luathseachtóidí agus pléann siad beirt le hiomrascáil dlí agus an baol go ndéanfaí duine a chúiseadh san éagóirigh.

I bhFianaise Imthoiseach tá an sclábhaí Gaelach as an Lóiste Ur i dtuaisceart Bhéal Feirste, Peadar Mac Cana, sa Chrúm agus é le triail as marú saighdiúra Bhreatainaigh. is náisiúntóir maith é ár laochra sa mhéid is gur cuireadh i mbraighdeanas é ach ní as siocair é a bheith sna hÓglaigh ach de bhrí go raibh a athair bainte leis an ghluaiseacht. Fear gan locht atá doirte dá bheainín agus an bheirt acu ag Gaeilgeoireacht leo go dílis i gCumann Chluain Ard. Má tá cuma na simplíochta agus na míréadúlacha air sin uilig, maithfidh tú don údar é as ucht an dea-scéil agus soiléireacht a innse.

De réir a chéile faigheann dlíodóir ionraic Mhic Chana amach cé ba chúis lena chur i bpríosún



agus téann an leitheoir leis ar a thuras gum-shoeadóireachta. Amanna tá an plota agus an cur síos géar agus inchreidte, amanna eile tá sé chomh soineanta agus plámasach sin gur deacair creidbheáil gurb é an scríbhneoir maháin atá ag scríobh an dá chuid. Mar shampla, cá háit, seachas an *Sun*, a bhfuigfeá cur síos tarcaisneach mar seo ar phobal náisiúnaíoch na Lóiste Uire?:

"agus na clocha síoraí... ar ghnách leis na páistí an-óga a chaitheamh, ar chleactadh, b'fhéidir, ar rudaí níos 'troime' amach anseo! Thug sé faoi deara fosta na fuinneoga gan ghlanadh, leacacha na bhfuinneog gan phéint, díomua agus bochtánas san aer a d'análófa."

Ach tá na sleachta sin fiú inmhaite mar ghlectar leis gur seo an saol náisiúnaíoch mar tchítear é Ó Bhóthar Mhá Luain — agus seans leis gur mó an léargas a thabhrann sé dúinn ar an mheánaicme Caitliceach agus go háirithe ar na dlíodóirí agus na breithimh Chaitliceacha ná thabhrann sé dúinn ar na príomhcharachtair bhochta.

Is goiride go maith *Balbh go*

Mailtseach ná *Fianaise Im-thoiseach*, agus níos fearrde as ar shon a ghiorrachta. Séamus Ó Néill an t-ógánach náisiúnaíoch atá ós comhair na cúirte an iarraidh seo as cailín óg a fhuadach do na hÓglaigh mar chuid de robáil bainc. Agus, m'anam go deo leis, is ag diúltú labhairt leis na péis nó leis an chúirt atá an Séamus céanna. Ach an balbh go mailtseach atá sé mar mhaíon an choróin nó an ag cosaint rúin atá sé. Tugtar siar

muid go dtí páirt Shéamuis san fhuadach nó a mhalairt le fios an scéil a fháil agus cuirtear síos ar an troid cúirte ar a shon. Teiptear in amanna ar ghréasán an scéil agus muid ag preabadaigh ón am atá thart go dtí an seomra cúirte ach tríd is tríd, éiríonn leis an údar an plota a shnaidhmeadh go sásúil.

Níl ach £4 ar *Bhalbh go Mailtseach* agus is cinnte gur fiú an t-airgead sin air ag duine ar bith ar mian leis ceann den fhiorbheagán

leabhair chruthaitheacha faoin chogadh ó thuaidh. Má tá locht amháin domhaite ar an saothar is é sin go bhfuil an chuma air gur scríobhadh é sna seachtóidí (nach fiú go bhfuil *Starsky and Hutch* luaite) agus gur fágadh an dá scéal ina luí gan foilsiú le 15 bliana anuas. Cuirtear céad iarracht eile an Scarlett Pimperlern Ghaelaigh seo i gló i bhfad níos gaiste.

Balbh go Mailtseach. Alec Bán Mac Conaill. Coiscéim. 116 Ich. £4.

Na ba coisrithe faoi ionsaí

LE DEIRDRE Nic An tSAOIR


COISCÍNÍ, RSF, pob-lachtánaigh ar thóir gnéas, Comhaltas Uladh, buaic mhóra 'gluaiseacht' na hathbheochana, cin-sireacht agus a lán eile nach iad a bhíonn faoi ionsaí an Mhuilleoirigh ina cholúin i *LÁ* agus *Comhair*. Trí ioróin, searús, scigmhagadh agus iriseoireacht dhíreach a dhéantar sin.

Níl focal maith ar bith aige do na tóinliadóirí a chrochann thart ar ócáidí móra shaol na Gaeilge, á gcur féin chun tosaigh ar mhaithe leo féin. Tá The Don, Punchdrunk O Meaningless, Fidel, Gazza luaite ina measc.

Tá faoiseamh ann dóibh súid nach féidir leo an fód a sheasamh. Ag cúl an leabhair is déanaí seo ag an Mhuilleadóir tá Teastas Díolúine Poiblí. Ar chostas an-íseal, £1, bainfear an bhuairt díot ar feadh 100 lá. Muna líonann tú é is tairgead dlis-teanach thú don chéad ruathar eile ó pheann an údair gan trócaire.


Tá an cuma air go nglacann Ó

Muilleoir mar bunphrionsabal dá chuid scríobhneoireachta a bhí le rá ag an Iosánach a luann sé — gur chóir i gcónaí bheith i dtrioblóid, mura bhfuil tá rud éigin cearr. Don chuid is mó dinn tá aithne againn ar na príomhcharaictéirí a léimeann amach óna leathanaigh, d'aithin muid riamh na tréithe a tugtar suntais dóibh i nduc



Dar ndóigh faoi alt 31 tá baill de Shinn Féin díchailithe páirt a ghlacadh sa Chomórtas Broma trí Ghaeilge, a bheidh ag tosú anseo Dē Luain seo chugainn

CŪRSAT



Man Friday Uí Mhuilleoir, ach eagla nó leisce orainn iad a ardú — deachtóireacht Comhaltas Uladh, béalcráifeacht 'iriseoirí' RTE, chomh leadránacht 's atá Gaeil ócáidí srl.



Ar £4 is fiú chuile pingin an leabhar, fiú murab ach chun cartúin taobh-scoilteacht Doll. Ceannaigh an leabhar seo agus cur aithne ar fíorshaol na Gaeilge mar atá sé curtha faoinár bhráid ag ceann de mórscribhneoirí Gaeilge na linne.

Holy Cow — Sin ceann mór! le Máirtín O Muilleoir, foilsithe ag Coiscéim. Praghas £4.

Glór na nGael

Sa chéad bhlasca trí ionlán Fianaise OTE in aghaidh Glór na nGael lárthar Bhéal Feirste—

— agus sa bhlasca seo tá méid an airheantais a thug Lárchoiste Glór na nGael dá n-arrachtaí!



I mí Lúnasa 1990 stop an rialtas gach deontas stáit do choiste Glór na nGael in lárthar Bhéal Feirste — grúpa a raibh an t-údar mar chomhbhunaitheoir air — ar an bhonn go raibh an coiste ag tacú leis an IRA. Dhiúltaigh an rialtas aon fhianaise a thaispeáint lena lloimhaintí a chruthú. Tá an eagraíocht fós gan maoiniú stáit.

doll

Neart, misneach, grá agus meon an bhua


LE OISIN O MURCHU

Beidh an físteip seo ina Bchuidhneachán pianmhar den stailc ocrais. Bhéarfaidh na scéalta pearsanta a n-insítear sa scannán seo cuimhní agus mothuithe ar ais a cheil daoine leis na blianta de streachailt ó shin.

Tá sé deacair go fóill ollmhisneach agus diongbháilteacht na stailceoirí, a gcomrádaithe agus a gelann a mheas i gceart. Thug an leabhar *Ten Men Dead* léiriú éigin de na mothuithe seo ach téann an físteip seo céim chun tosaigh de thairbhe go bhfuil sé bunaithe ar chuntais phearsanta daoine ina bhfocail féin agus le buntáiste de dheich mbliana athmhacnaimh. Ní shilfeá áfach, go ndeachaigh an oiread sin ama thart nuair a éis-teann tú le cuimhní soiléire na ngníomhairí féin.

Tá na stailceanna féin curtha i gcomhthéacs iarrachtaí na

a bhí páirteach sna himeachtaí ag an am. Tá agallaimh le cimití, iarchimí, cuid acu siúd a bhí ar an stailc ocrais, baill de Shinn Féin, de Choiste Náisiúnta na mBlocanna H agus Ard Mhacha, gaolta agus tacadóirí eile



Tá greann, den chineál dubh atá clú ar na cimití faoina choinne, ar an físteip chomh maith leis an bhrón domhan a mhothaigh muid uilig ag cailliúint daoine a raibh an oiread sin dóchais acu do thodhchaí a phobail.

Tá an físteip seo ina ábhar luachmhar oideachasúil do dhaoine gan eolas nó tuiscint den tréimhse sin nó de na hathruithe polaitiúla a tháinig ina dhiaidh dá thairbhe.

Sa deireadh fágfar lorg an an bhreathnóir de neart, de mhíneach, de ghrá dochloíte agus de mheon an bhua.

The H-Block Hunger Strike (VHS video) le Foilseacháin Phoblachtacha. Luach £21 le heagrán comórtha d'IRIS.

Breataine le coirpigh a dhéanamh de na cimití poblachtacha chun an streachailt féin a chloí. Scríobh triúr cime, Laurence McKeown, Leo Green agus Leonard Ferrin an scéal ach tá sé difriúil sa chás seo mar gheall ar chuntais na ngníomhairí

Dreapadh an Earagail ar son na Gaeilge



● Ar barr Earagail leis an bhrat Trídathach. Tá Bernard O'Hagan le feiscint ag giocadh amach taobh thiar de ghrúpa ar dheis

LE MARCAS Mac RUAIRI

Thuirling gníomhaithe Shinn Féin ó gach páirt den tír síos ar an cheantar álainn Dún Luiche i nDún na nGall i lár an tsamhraidh le páirt a ghlacadh i ndreapadh urraithe ar an Earagail chun airgead a thógáil le cuidiú le bunú na meánscoile lánGhaeilge i mBéal Feirste Thiar.

Osclaíodh doirse na meánscoile ar an 2ú lá Mhí Mheán Fómhair sa tseaneaglais Phreispitéireach ar Bhealach Leathan, Bóthar na bhFál. Ghlac sé a lán obair dhíograiseach le teacht chuig an chéim seo ar bhóthar na hathbheochana, agus cé nach bhfuil ach naonúr páiste ar an scoil i mbliana, ba é bailiú airgid a bhí i gcuid mhór den obair sin. Os nach bhfuil maoniú stáit aici, tá sé

tábhachtach go mbíonn imeachtaí tógála airgid faoina choinne.

Leis an rún seo os a gcomhair amach a tháinig os cionn de 50 ball Shinn Féin le hEaragail a dhreapadh. Ina measc siúd bhí 14 comhairleoir ó Bhéal Feirste, Dhoire, Aontroim, Thír Eoghain agus Ard Mhaca. I measc na gcomhairleoirí seo bhí Alex Maskey, Brendan Curran, Francie Molloy agus Dodie McGuinness. Ag scríobh dom ag an tráth seo is cúis mhór bhróin é gur dúnmharaíodh Bernard O Hagan, comhairleoir eile a bhailigh in éineacht lena bhean cuid mhór fháltas.

Bhí an dreapadh le tosú ar a haon déag a chlog ach tháinig Pádraig O Maolchraoibhe mall as poll a bheith ina roth aige, rud a thug an-ghreann do na dreapadóirí eile. Gan Pádraigh i láthair go fóill agus na rannpháirtithe eile ag éirí corraithe lean siad ar aghaidh gan é.


Bhí céim ghasa ag an tús agus gach duine ag caint leo ach níorbh

fhada gur tháinig maille ar an chéim agus laghdú ar mhéid na cainte. D'athraigh cruth na ndreapadóirí ó bhaile go sreangán ag eirí níos faide an t-am ar fad. Ghlac cuid acu "pit-stop". Ina measc seo bhí Dodie McGuinness agus í ag éirí an-dearg san aghaidh, lucht Shean Talamh ag éirí tartmhar, agus Diarmuid Mac an tSionnaigh is an ghrian ag dó barr a chinn.

I mbeagán níos mó ná uair a chloig shroich Micheal Ferguson, comhairleoir ó Lios na gCearrbhach, agus cuid eile an barr. Ní raibh John Hurl, comhairleoir ó Dhoire Theas, i bhfad ar a gcúl agus é mar a rith sé suas. Ag an bharr glacadh amach Brat na dTrí Dhath agus chruinnigh gach duine thart do na grianghraif. Bhí daoine eile ann, áfach, ceannaire Roinn na mBan i Sean Talamh ina measc, nár bhain an barr amach ach a d'éirigh as leath an bhealaigh thuas an tsiabh. Thug sin an-spreagadh do na seobhainigh lena mbíonn siad i gcomhrac go minic.

Ar an bhealach síos Adúinn bhuaileamar leis na teachtaithe malla. Brendan Curran ón Lurgain agus é ag rith suas; Pádraig O Maolchraoibhe lena bhean, ag ligean air go raibh sé ag rith suas.

Bhí cuid daoine ag déanamh iarrachta a fháil amach cé bhí ar chúl na scéime ar fad. Bhí rogha focal ag cuid acu le cur ar Ghearóid O hEara, agus iad i bpian leis an teas agus obair an dreaptha. Tá an lár ar fad ar video agus scarann sé an lucht aclaí ón lucht neamhaclaí. Maise, ar an chéad leath ar an bhealach suas ní chluintear ar an video ach anáilú trom Mhícheál Carlin, ar an dara leath tugadh an




● BERNARD O'HAGAN

video do Dhonncha Mac Fícheallaigh is thaispeáin sé an-scil i scannánaíocht na spéire is talún.

Ag an bhun arís chuaigh gach duine go dtí an Ionad Cois Locha is ansin go dtí an teach tábhairne, áit a bhí an-chraic. Maise bhí sé chomh maith sin ba dheacair an bóthar abhaile a bhualadh. Bhí cuid ann, agus iad brónach go ndeachaigh siad suas róghasta, i bpian shocraigh siad go stopaidís i nDún Luiche don oíche.

B'fhiú an t-iomlán de: Ag ócáid i gCultúrlann Mac Adaimh/O Fiaich i mBéal Feirste, 18ú Meán Fomhair, bhronnaigh Bairbre de Brún, ionadaí Roinn Cultúrtha Shinn Féin, seic ar Patricia Rafferty, cisteoir na meánscoile. £750.00 a bhí ann.

Ag tabhairt an tseic, dúirt Bairbre go raibh tábhacht ar leith ag an fhórbairt is déanaí seo don Ghaeilge ó Thuaidh: *"Tacaíonn Sinn Féin le gach iarracht chun oideachas iomlán trí mheán na Gaeilge a neartú, agus táimid ansásta a bheith in inmhe an seic seo a thabhairt do Mheánscoil Feirste inniú Tréaslaimid do na tuismitheoirí agus do chairde na meánscoile as a sáriarrachtaí leis an tionscnamh a bhunú."*



Crosfhocal

TRASNA

1. An saghas créatúr a shúann fuil asat; Sasain i stair na hEireann (7)
6. Duine atá gnóthach in eagraíocht, i reabhlóid mar shampla (8)
8. An lá atá ann; agus ainm nuachtáin Gaeilge tráth. (5)
10. An leithéid de mheoin seáinín a chlis ar Eirinn i gcónaí (9)
12. Deighilte, i ndá rúd iomlán eagsúil: Sasain 's Eire ba chóir. (7)
13. Neart nua a chur i streachailt... nó bí neámhchinnte (7)
14. Fréamh achán olc, ach gradam céim labhairt na Gaeilge leis (7)
16. Lig rud i ndearmad a bhí le déanamh, faillí (7)
19. An duine a ríomhaíonn an nuacht is déanaí (7)
22. Cloch mhór, ag crá rí a b'fhéidir?(7)
23. An farasbarr, an méid as a dhéanann (26 trasna) brabús (9)
24. An féile eaglasta ar roghnaigh an Píarsach don Eirí Amach (5)
26. Duine a dhéanann brabus as saothar daoine eile, rachmasach (8)
27. Gheobhaidh Poblachtaithe an locht seo i gcónaí (7)

SIOS

1. Stát croí Thatcher nuair a chuala sí faoin Ealú Mór i 1983 (8)
2. Connadh nádúrtha na hEireann ón mhí seo? (4)
3. Glanadh, mar a chonaic an Páirsach cath 1916 don tír (4)
4. Tír Cheilteach eile, ach cuma litríthe tír Chumannach ann leis (2,6)
5. An chuid den tine a bheireann solas agus teas (6)
7. Cnéad, olagón pian nó as brón éigin (4)
9. Callan, argóint, conspóid (5)
11. Níl seo riachtanach ach uair amháin de réir Oglai na hEireann! (3)
15. An scoilt mínádúrtha sa tír, críoch... (8)
17. Ard aigneach, uasal, (5)
18. Seans lenár n-ionadaithe a roghnú? (8)
20. Bí cúramach má tcionn tú seo i gcáipéis ó na Brits!! (6)
21. Déan tagairt nó trácht ar rud nó ainm (3)
22. Tá seo i bhfeidhm in aghaidh na Gaeilge fós sna blocanna H (4)
24. Ait paidre na manaigh tráth, ach cónaí cimití anois (4)
25. An lá roimh (8 trasna)!! (4)

Féilire 1992

£2




Foilseacháin Phoblachtacha

Tá liúntas speisialta ar fáil ar ordaithe móra. Téir i dteangmháil le:

Foilseacháin Phoblachtacha, 44 Cearnóg Pharnell, Baile Atha Cliath 1. Fón 722609


Póstaer Nua

£1.50



Caiséad

£5.50



Cártaí Nollaig

Sraith 5 ar £1
25p an ceann

